
Injuries Board.ie

# Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2008



An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# EOLAS TEAGMHÁLA

Ionad Seirbhíse ar Oscailt:
Luan go Satharn, 8rn go 8in

Lo-Call Éire 1890 829 121
Ó TÉ agus RA – 0870 876 8121

Bosca O.P. 8,
Cloich na Coillte,
Co. Chorcaí

www.injuriesboard.ie

I Meitheamh 2008, mar chuid de thionscadal aitheantais branda nua, athraíodh ainm oibre an Bhoird ón mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta nó PIAB go InjuriesBoard.ie. Mar thoradh air sin, ar fud na Tuarascála seo déanfar tagairt don eagraíocht mar InjuriesBoard.ie.

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Réamhfhocal an Chathaoirligh | 4 |
| Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh | 6 |
| Forbhreathnú | 9 |
| Alt 1: Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar theidlíochtaí cúitimh | 12 |
| Alt 2: Costais riaracháin a bhaineann le measúnú | |
| ar éilimh dhíobhála phearsanta a laghdú | 24 |
| Alt 3: Seirbhís shármhaith don chustaiméir a fhorbairt ó eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil le foireann dhíograiseach, chumasach ann | 28 |
| Alt 4: Cur leis an tuiscint atá ag an bpobal ar InjuriesBoard.ie agus cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh | 36 |
| Alt 5: Ráitis Airgeadais | 40 |
| Aguisíní: | |
| Aguisín 1 – Am líne Stairiúil | 60 |
| Aguisín 2 – Próiseas InjuriesBoard.ie (Sracfhéachaint) | 61 |
| Aguisín 3 – Cairt Eagraíochta agus Comhaltaí an Bhoird agus Struchtúr | 62 |
| Aguisín 4 – Anailís Gheografach ar Éilimh | 65 |

# RÉAMHFHOCAL AN CHATHAOIRLIGH

Is é seo an cúigiú huair agam ag scríobh Réamhfhocail do Thuarascáil Bhliantúil an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, a bheidh ag trádáil anois mar InjuriesBoard.ie.

De réir mar a chaithim súil ar 2008 agus na ceithre bliana roimhe ar ndóigh, déanaim sin le mórtas agus braithim go bhfuil go leor bainte amach. Tá mé bródúil as chomh maith agus a d'éirigh leis an mBord ó thaobh ár misin a chomhlíonadh maidir le bheith inár n-éascaitheoir neamhspleách ó thaobh sheachadadh ar theidlíochtaí cúitimh ar bhealach cóir, trédhearcach agus pras ar mhaithe leis an tsochaí.

Ó thaobh an méid a baineadh amach go sonrach rinne InjuriesBoard.ie breis is 23,500 dámhachtain sa tréimhse ó 2004 go 2008, is ionann sin agus beagnach €530m i gcúiteamh. Trí na dámhachtainí seo a sheachadadh ceithre huaire níos tapúla agus le táille riaracháin íseal, tá coigiltí díreacha agus indíreacha idir €200m agus €250m curtha ar fáil do gheilleagar na tíre ag InjuriesBoard.ie.

Toisc go raibh bunú InjuriesBoard.ie mar chuid de chlár athchóirithe a chuaigh i ngleic le costais árachais agus i gcóras sáraíochta a chruthaigh moill agus costas, ní haon ionadh é go bhféachann an Bord ar a chuid oibre i gcomhthéacs an chúlra stairiúil sin.

Ní thabhaíonn InjuriesBoard.ie ach 7-8% i gcostais riaracháin agus measúnuithe, i gcomparáid le 46% costais dlíthíochta a bhíodh ag gabháil le gach dámhachtain. Réitíonn an Bord cásanna go maith laistigh de thréimhse ama naoi mí, i gcomparáid le 36 mí faoin seanchóras dlíthíoch. Baineann sé an méid sin amach agus seachadann dámhachtainí d'éilitheoirí atá ag teacht leis na dámhachtainí a bhíodh ar fáil riamh sna cúirteanna.

Ba é 2008 an dara bliain faoi lánseoil ag InjuriesBoard.ie. Ba chuí an ní é mar sin in áit muid féin a shainiú de réir an méid a bhí thart go ndearna an Bord athdhearbhú ar a áit féin agus chruthaigh nua-aitheantas ó thaobh branda a léirigh i dtéarmaí simplí do na tomhaltóirí cad is bonn linn agus conas teagmháil a dhéanamh linn.


I Nollaig 2008, thug an Chúirt Uachtarach a breithiúnas ar an tsaincheist faoi chumarsáid idir an Bord agus éilitheoirí a fhostaíonn dlíodóir. Ba mhór an fháilte a bhí roimh shoiléiriú na saincheiste sin mar thoradh ar an mbreithiúnas, go háirithe an cinneadh gur féidir le InjuriesBoard.ie cóipeanna de chomhfhreagras a chur chuig na héilitheoirí lena gcoinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn a n-éileamh díobhála pearsanta. I suirbhé Taighde Margaidh de chuid Lansdowne a deineadh ar son an Bhoird i Meán Fómhair 2008, dúirt 74% díobh siúd a ceistíodh go mba mhaith leo, dá mbeadh an rogha acu, eolas ar stádas a n-éileamh a fháil ó InjuriesBoard.ie, fiú dá mbeadh dlíodóir á úsáid acu.

Luaitear téamaí ar nós iomaíochas agus athchóiriú na hearnála poiblí go minic i dtráchtaireacht ar na dúshláin atá faoi láthair os comhair an gheilleagair.

Tá beagnach gach teaghlach agus gnó sa tír ag baint tairbhe as costais árachais níos lú le blianta beaga anuas rud a chabhraigh InjuriesBoard.ie lena chur i bhfeidhm. Ag tráth a bhfuil dúshláin ollmhóra os comhair na tíre, go háirithe an gá atá lenár gcuid iomaíochais a fheabhsú, níl aon dabht ach go bhfuil gá níos mó ná riamh i láthair na huaire na coigiltí sin a choinneáil agus, más féidir, cur leo. Ba chóir an deis a thapú seasta agus sampla InjuriesBoard.ie a leanúint.

Ó ceapadh é, tá tacaíocht polaítíochta agus phoiblí faighte ag InjuriesBoard.ie mar ghníomhaireacht. Ag tosú ó láithreán úrnua, d’fhás an ghníomhaireacht ina heagraíocht a bhaineann úsáid as na cleachtais agus na traidisiúin is fearr sa tseirbhís phoiblí. Déanann InjuriesBoard.ie féin-mhaoiniú, ní ghlacann sé airgead ó chistí na gcáiníocóirí; tá teacht air ar líne nó trí lárionad glaonna lena mbaineann cuid de na huaire oscailte is fearr san earnáil phoiblí agus déantar bainistiú air le fócas soiléir dírithe ar fhíorthorthaí a sheachadadh do dhaoine aonair agus don tsochaí ina hiomláine.

Is féidir é sin uilig a dhéanamh mar thoradh ar obair an Bhoird agus an Choiste Feidhmiúcháin a bhíonn i gcónaí diongbháilte, dírithe agus tiomanta do leas an phobail. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas pearsanta a ghabháil le foireann iomlán InjuriesBoard.ie agus le comhaltaí an Bhoird Bainistíochta as an tsárobair atá déanta acu agus as a dtiomantas lena chinntiú gur éirigh linn dtí seo agus as a ndíograis leanúnach agus iad ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá os ár gcomhair.



**Dorothea Dowling**
*Cathaoirleach*

# RÉAMHFHOCAL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Agus dúshláin mhóra ó thaobh an gheilleagair sa tír glactar go forleathan leis go bhfuil fíorthábhacht le feabhas a chur ar an iomaíochas sa gheilleagar le go dtiocfaidh Éire chuici féin arís. Ciallaíonn sé sin gur cóir dúinn ár struchtúr costais agus ár leibhéil phraghsanna a thabhairt i gcomhréir lenár n-iomaitheoirí, agus athdhearbhú a thabhairt do dhaoine a bhaineann le gach earnáil, ní hamháin gur áit mhaith le gnó a dhéanamh í Éire, ach go bhfuil luach ar airgead ar fáil inti.

Bunaíodh InjuriesBoard.ie (an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta) go luath sna deich mbliana atá thart chun dul i ngleic leis na costais a bhain le héilimh dhíobhála pearsanta a riaradh, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an gcostas árachais agus a lagaigh ár n-iomaíochas go mór. Arís i 2009 tá sé fíorthábhachtach go ndéanfar monatóireacht leanúnach ar an ábharthacht a bhaineann le caiteachas agus le luach ar airgead i ngach eisíoc.

Is fiú féachaint agus athbhreithniú a dhéanamh cá háit ar thosaíomar i dtéarmaí díobhála pearsanta agus cá háit a bhfuilimid faoi láthair. Agus muid ag tabhairt aghaidh ar an Mílaois nua bhí na forchostais a bhain le dlíthíocht ó thaobh sheachadadh cúitimh dhíobhála pearsanta ag leibhéil ina raibh ar an Stát idirghabháil a dhéanamh agus dul i ngleic leis an tionchar loiteach a bhí aige sin ar gheilleagar na tíre. Ba léir sin ó na costais árachais iomarcacha a raibh tionchar acu ar chostas gach táirge agus seirbhís in Éirinn. I ndáiríre ní raibh smacht ar bith ar chostas árachais agus ba é an costas ar éilimh dhíobhála pearsanta a riaradh a spreag an easpa smachta sin.

Ag an am, dheimhnigh athbhreithniú ar na fíricí a rinne an MIAB (An Bord Comhairleach um Árachas Gluaisteáin) go raibh táille idirbheartaíochta céatadán-bunaithe de 46% ar an meán ar gach íocaíocht cúitimh, ó thaobh gach aon éilimh a riaradh. Sheas sé sin amach san athbhreithniú staitisticí nuair a léiríodh go raibh 80% d’éilimh dliteanais phoiblí agus éilimh dliteanais mótair/ionad oibre ag leibhéal íseal nó ar ag an meán leibhéal ó thaobh castachta de. Ba é an toradh a bhí ar na cásanna sin ná go raibh costais dlíthíochta arda ag baint le cúitimh nach raibh ard agus gur thóg sé tréimhsí ama fada iad a sheachadadh.

Ba é an príomhthiománaí laistigh den chostas riaracháin ná na seirbhísí éagsúla a chuir le táillí dlíthíochta sáraíochta nach raibh gá leo i bhformhór na n-éileamh díobhála pearsanta. Níos lú ná haon éileamh amháin as deich gcinn a chuaigh chomh fada leis na cúirteanna ach mar sin féin bhíodh eisíocaíochtaí dlí costasacha ag baint leo go minic. Ba é an tionchar tríd is tríd ná costas ag ardú, laghdú ar iomaíochas, gnóthaí ag dúnadh agus postanna á gcailliúint.

I 2009, níos mó ná riamh, is é bonn is barr an méid atá uainn ná costais a rialú le fanacht iomaíoch ar bhonn domhanda. Ag an tráth sin ní mór dúinn a bheith dírithe ar an laghdú costais atá bainte amach againn a choimeád ó thaobh sheachadadh cúitimh dhíobhála pearsanta. Tá sé cruthaithe ag an múnla nua nach í an dlíthíocht an bealach ceart i gcónaí chun réiteach a fháil ar fhadhb. I go leor cásanna bíonn sé níos éifeachtúla ó thaobh gach gné de, costais san áireamh, má bhíonn deis ann aghaidh a thabhairt ar an gceist ar bhealach díreach agus tráthúil.

Agus aird á dhíriú ar iomaíochas, faoi dheireadh 2008,bhí breis is 23,500 dámhachtain arb ionann agus beagnach €530m é, déanta i gcúiteamh ag an InjuriesBoard.ie. Trí na dámhachtainí seo a sheachadadh ceithre huaire níos tapúla ná dlíthíocht agus ag táille riaracháin 8%, tá coigiltí díreacha agus indíreacha idir €200m agus €250m déanta do gheilleagar na tíre ag múnla InjuriesBoard.ie. Tá na coigiltí sin freagrach as brú anuas suntasach ar chostais árachais sa gheilleagar agus i gcostais ghnó in Éirinn dá bharr sin.

I 2008, dámhadh cúiteamh d' iomlán de €217 milliún i leith 8,845 éilitheoir díobhála pearsanta. Is í an treocht shuntasach ó phróifíl na ndámhachtainí a deineadh i 2008 ná go bhfuil líon na n-éileamh ar ardluach (a bhaineann le díobhálacha pearsanta tromchúiseacha nó casta de ghnáth) ag ardú – ag teacht le feabhsú ar sheirbhísí agus níos mó muiníne ag an bpobal i leith InjuriesBoard.ie. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil don Bhord go bhfuil an Bord ag déanamh measúnuithe ar líon níos airde cásanna níos tromchúisí nó níos casta de réir mar a mhéadaíonn muinín an phobail sa mhúnla neamhsháraíochta atá againn.

Is léiriú eile ar na tairbhí a bhaineann le múnla an Bhoird é cumas an Bhoird na dámhachtainí sin ar ardluach a sheachadadh ar tháille riaracháin 8% in áit 46% agus iad a sheachadadh laistigh den amlíne reachtúil 9 mí. Ní hionann dámhachtainí ar ardluach agus costais riaracháin breise mar atá léirithe ag an múnla atá againn. I go leor cásanna meastar go bhfuil an múnla nua daonna agus léiríonn daoine a mbuíochas gur féidir clabhsúr gan sáraíocht agus gan leadrán ama a chur le heachtraí a chuireann as dá saol. Is príomhchuspóir straitéise de chuid InjuriesBoard.ie seirbhís shármhaith don chustaiméir a sheachadadh dóibh siúd a úsáideann ár seirbhísí. Bogadh go mór i dtreo é sin a bhaint amach i 2008 nuair a seoladh an branda nua aitheantais agus suíomh gréasáin nua www.injuriesboard.ie. Tá seirbhísí éifeachtúla agus feabhsaithe ar fáil ar an suíomh lena n-áirítear seirbhísí iarratais ar líne, Meastóirí ar éilimh ar líne, seirbhísí ilteangacha agus rannóg sláinte agus folláine a fhéachann le tacaíocht agus cabhair thapa a chur ar fáil le téarnamh i ndiaidh timpiste.

De réir mar a d'fhás an eagraíocht agus mar a d'fhorbair sí, d'fhás agus d'fhorbair ár ngaol leis na geallsealbhóirí an bhfuil ceangail againn leo chomh maith. Mar shampla, is mórcheannaitheoir seirbhísí liachta muid anois. I 2008 amháin choimisiníomar breis is 13,500 measúnú liachta neamhspleácha trí phainéal 400 dochtúir, lena n-áirítear dochtúirí teaghlaigh agus saineolaithe ortapaidéice, timpistí agus éigeandála, néareolaíochta, agus níl ansin ach roinnt acu.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh as an gcabhair a fuair InjuriesBoard.ie ón Dlí-Chumann an Nollaig seo caite nuair a d'eisigh sé Nóta Cleachtaidh ag cur béime ar an tábhacht a bhaineann le bheith i láthair ag na coinní liachta a eagraíonn an Bord. Cibé an ndéanfaidh éilitheoirí éilimh a phróiseáil díreach leis an mBord nó trí dhlíodóirí, ní mór éilimh dhíobhála pearsanta a chlárú leis an mBord de réir dlí (An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003). Bíonn ár gcuid oibre i bhfad níos éifeachtúla nuair a chuirtear in iúl do na héilitheoirí go mbíonn coinní liachta acu agus nuair a fhreastalaíonn siad

nuair is gá. Bíonn an pobal liachta in ann measúnú a thabhairt ar chineál agus ar mhéid na díobhála agus bíonn an Bord in ann measúnú a thabhairt ar an gcúiteamh a bheidh dlite ach an tuarascáil liachta a bheith ar fáil.


I mbreithiúnas suntasach a tugadh an 19 Nollaig 2008 shoiléirigh an Chúirt Uachtarach an tsaincheist faoi chumarsáid idir an Bord agus na héilitheoirí a fhostaíonn dlíodóirí. Dearbhaíodh go bhféadfadh InjuriesBoard.ie cóipeanna de chomhfhreagras a chur chuig na héilitheoirí seo lena gcur ar an eolas maidir le dul chun cinn a n-éileamh díobhála pearsanta. Tugadh chun deiridh ceist a bhí ag dul in aghaidh obair an Bhoird ó 2005 agus deineadh í a shoiléiriú mar thoradh ar an mbreithiúnas sin. Ba mhór an fháilte a bhí roimh an bhforbairt shuntasach sin agus ó go luath i 2009, tá éilitheoirí ag baint tairbhe as cóipeanna de chomhfhreagras a fháil ag teacht le cinneadh le cinneadh na Cúirte Uachtaraí.

Tá go leor tráchtaireachta spreagtha ag an gcúlú eacnamaíochta faoi na tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige ar thimpeallacht na n-éileamh. Dar le roinnt daoine tiocfaidh borradh faoi líon na n-éileamh díobhála pearsanta, bunaithe ar an taithí stairiúil maidir leis na tionchair a bhíonn ag meathluithe geilleagracha. Ó cheart caithfear na fórsaí atá ag brú praghsáil iomaíocha agus éilimh níos ísle chun cinn a aithint, agus ní fhéadfaí gan tionchar leanúnach an chláir athchóirithe árachais le roinnt blianta a thabhairt faoi deara. Tá athrú tagtha ar an gcultúr cúitimh sa tír seo mar thoradh ar reachtaíocht níos láidre, feachtais eolas crua arna rith ag an tionscal árachais agus uirlisí níos sofaisticiúla le héilimh bhréagacha a aimsiú. Tá tionchar dearfach fós ag clár an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar thionóiscí bóithre agus ar thionóiscí marfacha ach go háirithe. Ba é 2008 an bhliain ba shábháilte ó tosaíodh ag coinneáil taifead. Chomh maith leis sin, díríonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ar ghairmeacha ardbhaoil chun tionóiscí a laghdú. Cuireann sé seo uilig le timpeallacht atá difriúil ón timpeallacht a bhíodh ann.

Cibé cad a tharlóidh ó thaobh éileamh is féidir le gach duine a bheith cinnte go leanfaidh InjuriesBoard.ie ag seachadadh a sainordaithe chun teidlíochtaí ar chúitimh a sheachadadh ar bhealach cóir, cruinn agus tráthúil ar mhaithe le leas an phobail.

Tá a fhios agam go dtacaíonn an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan T.D. agus a hoifigigh lenár gcuid oibre agus táim an-bhuíoch as a gcúnamh i rith na bliana.

Táim mórtasach as a bheith i gceannas ar fhoireann éifeachtach agus thiomanta. Is eagraíocht bheag muid a dhéanann sáriarracht a bheith inár scotheagraíocht agus táimid tiomanta feabhas leanúnach a bhaint ar mhaithe leis an bpobal.



**Patricia Byron**
*Príomhfheidhmeannach*

# FORBHREATHNÚ

## Ráiteas Misin

Is é Ráiteas Misin InjuriesBoard.ie ná "An bealach a réiteach go neamhspleách do thabhairt an chúitimh atá dlite i gcrích ar bhealach cóir, pras, follasach chun leasa an phobail".

I dtéarmaí ár ráiteas misin a sheachadadh i 2008, rinne InjuriesBoard.ie:

- 24,722 éileamh díobhála pearsanta agus 8,845 dámhachtain a phróiseáil;
- Meánfráma ama ina bpróiseálfaí éilimh de sheacht mí a bhaint amach – laistigh den fhráma ama reachtúil naoi mí;
- Cúiteamh iomlán de €217 milliún a mheasúnú d'íospartaigh tionóisce agus is ionann costas riaracháin agus níos lú ná 8% den mhéid cúitimh iarbhír (i gcoinne nós stairiúil 46%).

## Príomhchuspóirí Straitéiseacha

Is iad seo a leanas na sé chuspóir straitéiseacha mar atá leagtha amach i gcéad Phlean Straitéise 2006-2010 na heagraíochta:

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 1** | Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim cúitimh a bhfuiltear ina teideal i gcás éilimh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi scáth InjuriesBoard.ie. |
| **Cuspóir 2** | Na costais riaracháin a bhaineann le measúnú ar éilimh dhíobhála phearsanta a thagann faoi scáth InjuriesBoard.ie a ísliú. |
| **Cuspóir 3** | Cultúr nualaíochta agus feabhais a chur chun cinn, trína gcothaítear eagraíocht éifeachtach, shomhúnlaithe atá éifeachtúil ó thaobh costais le foireann dhíograiseach, chumasach. |
| **Cuspóir 4** | Seirbhís shármhaith don chustaiméir a thabhairt chun cinn trí phróiseas measúnaithe éileamh a chur ar bun atá follasach agus áisiúil. |
| **Cuspóir 5** | Cur leis an tuiscint atá ag an bpobal ar InjuriesBoard.ie agus ar na buntáistí atá leis. |
| **Cuspóir 6** | Cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh díobhála pearsanta in Éirinn. |

I rith 2008, lean InjuriesBoard.ie ag obair i dtreo na gcuspóirí sin a bhaint amach. Leagfar amach mionsonraí na dtionscnamh agus na ngníomhartha a deineadh i rith na bliana in Alt 1 go 4 den Tuarascáil sin.

2008



InjuriesBoard.ie

Tuarascáil Bhliantúil

# ALT 1

## MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚITIMH

# ALT 1

# MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚITIMH

## Iarratais

Fuair InjuriesBoard.ie 24,722 iarratas ar fad d'éilimh dhíobhála pearsanta i 2008 (ardú 6% ar 2007). I 2007, mheasamar go raibh lánsreabh gníomhaíochta bainte amach ag an mBord, toisc gur tháinig siad trí thréimhse fáis sciobtha ó bunaíodh an Bord i 2004. Is dóigh go socróidh líon na n-éileamh idir 23,000 agus 25,000 in aghaidh na bliana go ceann i bhfad.

De réir an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, tá gach éileamh díobhála (seachas Faillí Liachta agus catagóirí éilimh eile mar atá leagtha amach in Alt 4 den Acht) á bpróiseáil trí InjuriesBoard.ie. Baineann na hiarratais sin le héilimh dhíobhála pearsanta do Dhliteanas Mótair, do Dhliteanas Poiblí agus do Dhliteanas Fostóra. Tá briseadh síos gach éilimh a fuarthas i 2008 leagtha amach i bhFíor 1.1 de réir catagóire.


## Briseadh síos ar Iarratais 2008 de réir Catagóire

Níl aon údarás, nó baint ag InjuriesBoard.ie le roinnt éileamh m.sh.

- Cásanna nuair nach mian leis an bhfreagróir a thoiliú a thabhairt don Bhord atá ag déanamh measúnaithe ar an éileamh (de ghnáth sa chás go bhfuil dliteanas faoi dhíospóid)
- Catagóirí cásanna eile mar atá sonraithe in Alt 17 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003

Ní don Bhord na cásanna seo agus is tríd an gcóras dlíthíochta atáthar ag déileáil leo.

Déantar réiteach a fháil ar líon suntasach cásanna díreach idir na páirtithe, i ndiaidh don phróiseas iarratais tosú ach sula dtosaíonn InjuriesBoard.ie ar chéimeanna eile a thógáil chun measúnú a dhéanamh.




*Fíor 1.1*

***Briseadh síos ar Iarratais InjuriesBoard.ie 2008 de réir Catagóire***

Ar bhonn taithí go dtí seo, measann InjuriesBoard.ie go mbeidh toradh na 24,000 Iarratas a shamhlaítear i ndeireadh thiar mar seo a leanas:

A) **Cásanna lasmuigh de scóip InjuriesBoard.ie agus atá scaoilte chun na Cúirteanna – 7,000**. Éascaíonn InjuriesBoard.ie le luathaithint ar éilimh a mbaineann díospóidí dleathacha leo agus/nó lasmuigh de réimse an Bhoird agus ligthe chun breithnithe sna Cúirteanna.




*Fíor 1.2*
*Briseadh síos gach Iarratas de chuid InjuriesBoard.ie*

Ó bunaíodh an Bord meastar nach bhfuil gá le dlíthíocht chun réiteach a fháil maidir le thart ar dhá thrian cásanna.

B) Déantar fuílleach na gcásanna (thart ar 17,000) **a shocrú idir páirtithe** i ndiaidh idirghníomhaíocht tosaigh le **InjuriesBoard.ie nó déantar iad a mheasúnú ag an mBord**. Níl gá le dlíthíocht sna cásanna sin mar a tharlódh roimh bhunú an Bhoird. Is é seo a leanas briseadh síos na gcásanna réitithe agus na gcásanna measúnaithe:

(i) **Cásanna a réitíodh i ndiaidh idirghabhála ón Ionad Seirbhíse de chuid InjuriesBoard.ie – 8,000**. Nuair a dhéanann éilitheoir a n-iarratas le InjuriesBoard.ie (tríd ár nIonad Seirbhíse) cuirtear mionsonraí a n-éileamh chuig an duine a bhfuil siad ag iarraidh cúitimh uaidh mar thoradh ar an tionóisc (an Freagróir). Mar sin bíonn na páirtithe i dteagmháil lena chéile go luath agus bíonn toradh difriúil ó éifeacht an chórais dlíthíochta sáraíochta roimhe seo i gceist. Is é an toradh ná go socraíonn go leor páirtithe a gcásanna ar bhealach caoimhiúil agus le comhshásamh frithpháirteach, agus tagairt á dhéanamh acu go minic don Leabhar Cainníochtaí gan riachtanas ar mheasúnú iomlán de chuid InjuriesBoard.ie nó gan coinneáil leis an gcúram trí na Cúirteanna.

(ii) **Cásanna a ndearna InjuriesBoard.ie measúnú orthu – 9,000**. Sna cásanna seo nuair nach rabhthas in ann socrú díreach idir na páirtithe a bhaint amach déanfaidh InjuriesBoard.ie measúnú ar na cásanna sin de réir aontaithe. Mar a leagfar amach níos déanaí san alt seo déantar na dámhachtainí sin ar an mbonn céanna is a dhéantar sna Cúirteanna agus aird ar threoirlínte foilsithe maidir le méideanna cúitimh iníoctha as dhíobhálacha áirithe (Leabhar Cainníochtaí).

# ALT 1

## MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚITIMH

### Dámhachtainí

Is ionann dámhachtain agus luach an chúitimh a dhéantar le duine aonair i ndáil le héileamh díobhála pearsanta.

Cuimsíonn Dámhachtain Damáistí Ginearálta do phian agus d'fhulaingt a tharlaíonn de bharr díobhála go dáta agus amach anseo. D'fhéadfaí go n-áireofar i ndámhachtain chomh maith Damáistí Speisialta do chaillteanas airgeadais go dáta agus amach anseo m.sh. caillteanas tuarastail, costas chúram liachta srl. Baineann na sonraí sa tuarascáil seo le luach iomlán Dámhachtana agus ní scartar é ó Dhamáistí Ginearálta agus Speisialta.

Tá na dámhachtainí a dhéanann InjuriesBoard.ie ag na leibhéil chéanna a mbeifeá ag súil leo trí na Cúirteanna. Tá sé de dhualgas ar mheasúnóirí de réir dlí damáistí a mheas ar an mbonn céanna leis na Cúirteanna agus aird acu ar an Leabhar Cainníochtaí – treoir do leibhéil chúitimh in Éirinn (atá ar fáil ag www.injuriesboard.ie.)

Déanann na Cúirteanna measúnú ar dhamáistí agus iad ag tabhairt "aird chuí ar an Leabhar Cainníochtaí" mar a leagadh amach san Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004. Déanann InjuriesBoard.ie monatóireacht leanúnach ar leibhéil dámhachtainí chun comhsheasmhacht leis na Cúirteanna a chinntiú agus faigheann eolas sonraí ón tSeirbhís Cúirteanna maidir leis sin.

### Líon agus Luach Dámhachtainí

I 2008, rinne an Bord 8,845 dámhachtain, is méadú 8% é sin ar 2007, ar luach €217.16 milliún.

### Anailís ar Phroifíl Dámhachtainí

Ba ghné amháin a tugadh faoi deara maidir le hobair an Bhoird i 2008 ná an méadú suntasach ar líon na n-éileamh ar ardluach a ndearnadh measúnú orthu.

D'ardaigh an méid airgid a tugadh mar dhámhachtain ar éilimh os cionn €38,000 (uasluach na ndámhachtainí a dhéantar sa Chúirt Chuarda) ó roinnt bheag os cionn aon cheathrú dámhachtainí i 2007 go roinnt os cionn aon trian i 2008. Tharla an t-ardú seo go mór mhór mar thoradh ar mhéadú ar an líon dámhachtainí ar ardluach. Féach Tábla 1.3.

Léiríonn fianaise atá ar fáil don Bhord de réir mar atá an mhuinín sa mhúnla neamhsháraíoch atá againn ag fás go bhfuil freagróirí sásta le measúnú ón mBord a fháil ar líon níos mó de na cásanna níos tromchúisí. Tá an treocht sin ag cur níos mó fós leis an leibhéal coigiltí díreacha suas le €50m, bainte amach ag próiseas an Bhoird i 2008.

Le haghaidh dámhachtainí faoi €38,000, dámhachtainí fhormhór na gcásannaa ndéanann InjuriesBoard.ie measúnú orthu, tháinig méadú measartha ag 4% orthu. Tháinig ardú 7% ar líon na ndámhachtainí de luach os cionn €38,000, áfach, agus tháinig ardú 87% ar líon na ndámhachtainí de luach os cionn €100,000.

Mhéadaigh an meánluach dámhachtainí faoi €38,000 ag 3.1%, agus d'ardaigh siad sin os cionn €38,000 ag meán 4.7%. Féach Tábla 1.4. Is é comhthionchar na n-arduithe sin agus seachadadh tuilleadh measúnuithe ar ardluach agus mhéadaigh an mheán-dámhachtain tríd is tríd ó €22,054 go €24,552.

*Tábla 1.1* ***Líon agus Luach Dámhachtainí InjuriesBoard.ie***

| Bliain | Uimh. na nDámhachtainí a Rinneadh | Luach na nDámhachtainí |
|---|---|---|
| 2006 | 5,573 | €115.28 milliún |
| 2007 | 8,208 | €181.04 milliún |
| 2008 | 8,845 | €217.16 milliún |

*Tábla 1.2* ***Luach Dámhachtainí 2007 v 2008***

| Luach Dámhachtainí | 2007 | % den iomlán | 2008 | % den iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **<€38k** | €131m | **72%** | €140m | **65%** |
| **>€38k** | €50m | **28%** | €77m | **35%** |
| **Iomlán** | €181m | **100%** | €217m | **100%** |

*Tábla 1.3* ***Líon Dámhachtainí 2007 v 2008***


| Líon Dámhachtainí | 2007 | 2008 | Athrú (%) |
|---|---|---|---|
| **<€38,000** | 7,463 | 7,747 | **3.8%** |
| **>€38,000** | 745 | 1,098 | **47%** |
| **Iomlán** | 8,208 | 8,845 | **7.8%** |

*Tábla 1.4* ***Meánluach na nDámhachtainí 2007 v 2008***

| Meánluach na nDámhachtainí | 2007 | 2008 | Athrú (%) |
|---|---|---|---|
| **<€38,000** | €17,608 | €18,151 | **+3.1%** |
| **>€38,000** | €66,587 | €69,715 | **+4.7%** |

# ALT 1

## MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚITIMH




*Fíor 1.3* ***% Briseadh síos na nDámhachtain 2008 de réir Catagóire***

### Damhachtainí de réir Chatagóir Éileamh

I 2008, bhain 72% de gach dámhachtain le cásanna Dliteanas Mótair, bhain 11% le Dliteanas Fostóra agus bhain 17% le Dliteanas Poiblí.

I dtéarmaí éilimh a fuarthas, níor sheas Dliteanas Mótair ach do 56% de na cásanna. Is é an chúis leis an difreálach sin ná go ndéanann líon foriomlán níos airde de chásanna Dhliteanas Mótair a mbealach trí phróiseas de chuid InjuriesBoard.ie mar gur dócha gur lú seans go mbíonn ceist faoi dhliteanas.


Maidir le héilimh Dliteanas Fostóra tá sé tugtha ar aird go bhfuil go leor de na héilimh sin oiriúnach don chéim réitigh luath nuair a dhéantar cóip de shonraí chuig an dá pháirtí agus réitíonn an fostóir agus an fostaí an fhadhb go díreach ag an bpointe sin.

I gcás Dliteanais Phoiblí is dócha go ndéantar díospóid ar na cásanna sin ar go leor fáthanna, mar shampla saincheisteanna maidir le cé is cúis leis an tionóisc, nó deacrachtaí ó thaobh na bpáirtithe freagróra a aithint. Scaoiltear cásanna mar sin chuig na Cúirteanna.

## Meánluach na nDámhachtainí de réir Catagóire

Léiríonn Fíor 1.4 meánluach na ndámhachtainí de réir gach catagóire m.sh. Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóra agus Dliteanas Poiblí. Ba é €24,552 an mheandámhachtain fhoriomlán i 2008. Bhi na dámhachtainí sa chatagóir dliteanas fostóra ar na cinn ab airde ag €32,266 agus léiríonn sin nádúr níos casta na ndíobhálacha a tharla do dhaoine i dtionóiscí den sórt sin.


*Fíor 1.4* ***Meánluach na nDámhachtainí 2008***




## Raon Dámhachtainí – Dámhachtainí is Airde/is Ísle

Léiríonn Fíor 1.5 na dámhachtainí ab ísle agus ab airde i 2008

*Fíor 1.5* ***Raon Dámhachtainí***



# ALT 1

## MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚITIMH

### Briseadh síos ar líon iomlán Dámhachtainí i 2008 de réir Luacha agus Chatagóir Éileamh

Bíonn thart ar 60% de dhámhachtainí de chuid InjuriesBoard.ie faoi €20,000 agus bíonn 88% faoi €38,000. Léiríonn sonraí Sheirbhís Chúirteanna stairiúla agus sonraí Sheirbhís Chúirteanna reatha go bhfuil patrún comhchosúil á léiriú sna Cúirteanna. Go bunúsach ciallaíonn sé sin go bhfuil formhór na n-éileamh díobhála pearsanta ag leibhéil ísle nó meánacha ó thaobh déine de le híocaíochtaí cúitimh ghaolmhara faoi €38,000. Ba ghné amháin, áfach, a tugadh faoi deara maidir le hobair an Bhoird i 2008 ná an méadú suntasach ar líon na n-éileamh ar ardluach a ndearnadh measúnú orthu. D'ardaigh an méid airgid a tugadh mar dhámhachtain ar éilimh os cionn €38,000 ó aon cheathrú de gach dámhachtain i 2007 go haon trian i 2008.

Tá anailís gheografach mhionsonrach ar Dhámhachtainí ar fáil in Aguisín 4.

*Tábla 1.5* ***Briseadh síos ar líon iomlán Dámhachtainí i 2008 de réir Luacha agus Chatagóir Éileamh***

| Briseadh síos ar luach Dámhachtain (€) | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóra | Dliteanas Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| < 20k | 4,111 | 376 | 775 | 5,262 (59.5%) |
| 20-38k | 1,620 | 361 | 504 | 2,485 (28.1%) |
| 38-100k | 555 | 215 | 205 | 975 (11%) |
| >100k | 96 | 20 | 7 | 123 (1.4%) |
| **Iomlán** | **6,382** | **972** | **1,491** | **8,845** |


## Meándámhachtain de réir Cúige agus Catagóire 2008

Léiríonn Tábla 1.6 thíos an briseadh síos ar an meándámhachtain de réir chatagóir Dliteanais ar bhonn cúige.

*Tábla 1.6*

***Meándámhachtain de réir Cúige agus Catagóire 2008***

| | 2008 |
|---|---|
| **BAILE ÁTHA CLIATH** | |
| Dliteanas Mótair | €21,334 |
| Dliteanas Fostóra | €30,320 |
| Dliteanas Poiblí | €25,275 |
| **CUID EILE DE LAIGHIN** | |
| Dliteanas Mótair | €25,285 |
| Dliteanas Fostóra | €33,378 |
| Dliteanas Poiblí | €24,139 |
| **CONNACHTA-ULAIDH** | |
| Dliteanas Mótair | €26,580 |
| Dliteanas Fostóra | €35,358 |
| Dliteanas Poiblí | €26,155 |
| **MUMHAIN** | |
| Dliteanas Mótair | €21,499 |
| Dliteanas Fostóra | €30,430 |
| Dliteanas Poiblí | €23,849 |




*Fíor 1.6* ***Líne Ama Cúitimh***

## Líne Ama Measúnaithe

Ceann de phríomhbhuntáistí InjuriesBoard.ie ó thaobh an éilitheora de ná an t-am a ghlacann sé cásanna a shocrú. Sular tugadh isteach InjuriesBoard.ie thóg sé trí bliana ar an meán, agus uaireanta níos faide, cásanna a réiteach trí Dhlíthíocht.

Tá sé de dhualgas ar InjuriesBoard.ie, faoin Acht PIAB 2003, measúnú a dhéanamh ar éilimh laistigh de naoi mí den Fhreagróir toiliú le próiseas an Bhoird. Léiríonn torthaí de chuid InjuriesBoard.ie ó 2008 gur thart ar 7 mí an meán-fhad a thóg sé éilimh a mheas, m.sh, breis is ceithre huaire níos tapúla ná dlíthíocht. Le linn 2008 bhí meán-am 7 mí chun measúnú a dhéanamh fós i gceist, cé go raibh an Bord ag plé le méadú suntasach i líon na gcásanna níos casta, agus méadú 47% ar líon na ndámhachtainí os cionn €38,000.

Tá an amlíne de 7 mí ina bhuntáiste shuntasach d'Éilitheoirí. Léiríonn taighde go mbíonn athshlánú níos tapúla i gceist nuair a shocraíonn íospartaigh tionóisce a n-éileamh níos tapúla.

# ALT 1

## MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚITIMH

### Cumarsáid le hÉilitheoirí – Breith na hArd-Cúirte


In Eanáir 2005 thug an Ard-Chúirt breithiúnas i gcás a thug éilitheoir le cur in aghaidh chleachtas an Bhoird a bheith ag scríobh díreach chuig Éilitheoirí agus an comhfhreagras a chóipeáil chuig a ndlíodóirí. Rinne an Bord achomhairc in aghaidh na breithe agus tugadh breithiúnas ar an Achomharc an 19 Nollaig 2008.

Sheas an Chúirt Uachtarach le breith na hArd-Cúirte ach shoiléirigh sí go raibh comhfhreagras le hÉilitheoirí ceadaithe. Dúirt an Chúirt go bhfuil an Bord i dteideal, i mbainistíocht a ghnó, Éilitheoir a choimeád ar an eolas faoin bpróiseas. Dúirt an Chúirt go bhfuil an Bord i dteideal Éilitheoir a chur ar an eolas, mar shampla, trí chóip d'aon litir a sheolfaí chuig a dhlíodóir a sheoladh chuige, ag an am céanna agus a sheolfar an litir sin. Leis seo beidh Éilitheoirí ar an eolas, tá sé comhsheasmhach le beartas an Bhoird agus tá sé laistigh d'fheidhmeanna reachtúla. Fáiltíonn an Bord roimh an soiléiriú sin ón gCúirt Uachtarach agus déanann siad éilitheoirí a chóipeáil ag príomhchéimeanna an phróisis.

### Drochfhreastal ar scrúduithe liachta – teagmháil leis an Dlí-Chumann

Le linn 2008, tháinig roinnt fianaise chun solais faoi ardleibhéil drochfhreastail ar choinní liachta arna n-eagrú ag InjuriesBoard.ie ag cliaint líon teoranta gnólachtaí dlíodóra. Mura bhfreastalaítear ar na scrúduithe liachta bíonn tionchar suntasach ar dhámhachtainí díobhála pearsanta agus méadaíonn an dóchúlacht go ndiúltóidh Éilitheoirí dámhachtainí ísle i bhfabhar imeachtaí Cúirte costasacha nach bhfuil gá leo. Ardaíodh an tsaincheist leis an Dlí-Chumann agus i Nollaig 2008 d'eisigh an Cumann Nóta Cleachtaidh dá bhaill ag cur béime ar cé chomh tábhachtach is atá sé go bhfreastalódh na cliaint ar na scrúduithe liachta sin.

# 2008



InjuriesBoard.ie

Tuarascáil Bhliantúil

# ALT 2

# COSTAIS RIARACHÁIN A BHAINEANN LE MEASÚNÚ AR ÉILIMH DHÍOBHÁLA PEARSANTA A LAGHDÚ

# ALT 2

## COSTAIS RIARACHÁIN A BHAINEANN LE MEASÚNÚ AR ÉILIMH DHÍOBHÁLA PEARSANTA A LAGHDÚ

### Sábháilt Costais mar thoradh ar Dhámhachtainí de chuid InjuriesBoard.ie

**AR CHEANN DE NA PRÍOMHFHACTÓIRÍ BA CHÚIS LE BUNÚ INJURIESBOARD. IE NÁ LEIBHÉAL AN-ARD PRÉIMHEANNA ÁRACHAIS SA TÍR. RUD LÁRNACH A BHÍ AG CUR LEIS NA COSTAIS ARDA ÁRACHAIS NÁ NA FORCHOSTAIS DLÍTHÍOCHTA A BHFUIL BAINT ACU LE CÚITEAMH A SHEACHADADH. MHEAS AN BORD COMHAIRLEACH UM ÁRACHAS GLUAISTEÁIN (MIAB) GO RAIBH NA COSTAIS SEO TAR ÉIS DUL CHOMH HARD LE 46% SA BHREIS AR ÍOCAÍOCHTAÍ CÚITIMH IARBHÍRE. AR AN IOMLÁN DÍREACH FAOI BHUN €1 BILLIÚN I gCÚITEAMH A ÍOCADH AMACH I 2002 CUIREADH c. €450 MILLIÚN SA BHREIS LEIS I gCOSTAIS DLÍTHÍOCHTA. BUNAÍODH INJURIESBOARD.IE CHUN AN GÁ LE HIMEAHCTAÍ DLÍ A LAGHDÚ, AGUS AR AN MBEALACH SIN FORCHOSTAIS DLÍTHÍOCHTA A LAGHDÚ.**

I 2008, sheachaid InjuriesBoard.ie an leibhéal reatha cúitimh ag costas seachadta 7.2% i gcoinne 46% faoin gcóras dlíthíochta i 2002. Níl costais sheachadta de chuid InjuriesBoard.ie bunaithe ar chéatadán mhéid an mheasúnaithe ach is táillí socraithe iad don éilitheoir (€50) agus don Fhreagróir (€1,050) mar aon le táillí agus costais a ghearradh ar an éilitheoir i gcomhlíonadh le riachtanais an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003.

Cé go ndearna InjuriesBoard.ie 8,845 dámhachtain i 2008, chun na coigiltis a ríomh ní chomhairtear ach coigiltis i leith na ndámhachtainí sin ar ghlac Éilitheoirí agus Freagróirí leo. Ní féidir a shéanadh go dtagann coigiltis bhreise chun cinn maidir le dámhachtainí eile mar a réitítear iad ina dhiaidh sin gan aon ghá le héisteacht cúirte. Sa bhreis air sin, tháinig coigiltis eile chun cinn ar shocruithe díreacha a baineadh amach roimh mheasúnú de chuid InjuriesBoard.ie. Mar atá leagtha amach in Alt 1 réitítear suas le 8,000 cás idir páirtithe i ndiaidh teagmhála tosaigh le hIonad Sheirbhís an Bhoird a osclaíonn línte cumarsáide idir an tÉilitheoir agus an Freagróir.

I 2008, ghlac custaiméirí InjuriesBoard.ie le 5,670 dámhachtain agus ba é an toradh a bhí leis seo ná gur glacadh le €131 milliún mar chúiteamh. Ba iad na figiúirí iomchuí do 2006 ná 3,403 dámhachtain agus €66.732 milliún i ndámhachtainí ar glacadh leo agus i 2007 ba é iomlán na ndámhachtainí ar glacadh leo ná 5,000 agus luach €102 milliún.

Léiríonn Tábla 2.1 thíos costais sheachadta iarbhíre €10.19 milliún (7.8%) de chuid InjuriesBoard.ie i 2008 agus cuirtear sin i gcomparáid le forchostas measta ar dhámhachtain leis an luach céanna a sheachadadh faoin gcóras dlíthíochta (46%) i.e. €60.41 milliún. Léirítear na coigiltí a tháinig as sin sa bhuncolún. Bhí coigiltí díreacha de chuid InjuriesBoard.ie i 2008 ag €50.22 milliún i gcoinne €39.75 milliún i 2007.

***Tábla 2.1*** ***Líon Iomlán agus Luach Dámhachtainí de chuid InjuriesBoard.ie ar glacadh leo***

| | 2006 | 2007 | 2008 | % Difríocht (2007-2008) |
|---|---|---|---|---|
| Líon Dámhachtainí ar glacadh leo | 3,403 | 5,000 | 5,670 | +13.4% |
| Luach Iomlán Dámhachtainí ar glacadh leo | €66.732 milliún | €102 milliún | €131.34 milliún | +28.5% |

***Tábla 2.2*** ***Costais Sheachadta de chuid InjuriesBoard.ie agus Coigiltis Mheasta Costais***

| | 2006 | 2007 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Costais Sheachadta Iomlán de chuid InjuriesBoard.ie | €4.566 milliún | €7.4 milliún | €10.19 milliún |
| Costais Dlíthíochta Comparáideacha | €30.696 milliún | €47.15 milliún | €60.41 milliún |
| Coigiltí Iarbhíre (InjuriesBoard.ie vs. An Córas Dlíthíochta) | €26.13 milliún | €39.75 milliún | €50.22 milliún |

2008



Tuarascáil Bhliantúil

InjuriesBoard.ie



# ALT 3

## SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR A FHORBAIRT Ó EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL LE FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH ANN

# ALT 3

## SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR A FHORBAIRT Ó EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL LE FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH ANN

### Seirbhís do Chustaiméirí

**I 2008, LEAN INJURIESBOARD.IE AG CUR SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR CHUN CINN TRÍ PHRÓISEAS MEASÚNAITHE ÉILEAMH A CHUR A SIÚL ATÁ FOLLASACH AGUS ÁISIÚIL.**

**SOLÁTHRAÍONN IONAD SHEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ AN BHOIRD**

- **EOLAS SONRAITHE D'IARRATASÓIRÍ AR NA CÉIMEANNA GUR CHÓIR A LEANÚINT AGUS A N-ÉILEAMH Á bPRÓISEÁIL ACU AGUS**
- **TREOIR SHONRAITHE AR AN EOLAS A BHEIDH AR IARRATASÓIRÍ A CHUR AR FÁIL CHUN AN PRÓISEAS IARRATAIS A CHRÍOCHNÚ.**

**IS FÉIDIR ROCHTAIN A FHÁIL AR AN IONAD SHEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ AG AN UIMHIR LO-CALL 1890 829121 Ó 8 R.N. GO 8 I.N. LUAN GO SATHARN. LE LINN 2008, FUAIR AN tIONAD BREIS IS 60,000 GLAO AGUS FREAGRAÍODH 97% DÍOBH SIN LAISTIGH DE 40 SOICIND. LÁIMHSEÁLADH BREIS IS 310,000 MÍR SA PHOST.**

Cabhraíonn an tIonad Sheirbhís do Chustaiméirí le héilitheoirí faoi mhíchumas (m.sh. daoine go bhfuil lagú éistachta orthu agus leo siúd a bhíonn ag iarraidh a n-éileamh a phróiseáil as Gaeilge. Is féidir leis an Ionad cabhair a thabhairt do dhaoine nach bhfuil mórán Béarla acu, lena n-áirítear coimisiniú aistriúcháin ar phríomhdhoiciméid.

Bhí aiseolas dearfach ag teacht ó chustaiméirí a chuaigh i dteagmháil le InjuriesBoard.ie tríd an líne cabhrach agus tuairiscíodh ardleibhéil sásaimh. Leagtar amach achoimre ar an aiseolas seo thíos:

- mheas 96% d'éilitheoirí gur freagraíodh a gcuid ceisteanna go sásuil.
- mheas 92% díobh siúd a rinne an suirbhé go raibh an fhoireann eolasach agus feasach faoi roghanna na n-éilitheoirí.
- mheas 88% d'éilitheoirí díreacha gur thug an fhoireann tuiscint shoiléir ar an bpróiseas agus a riachtanais.
- mheas 88% gur thuig siad anois próiseas iarratais de chuid InjuriesBoard.ie.

## Teicneolaíocht an Eolais – seirbhísí nua láithreáin gréasáin ag www.injuriesboard.ie

**IS RUD LÁRNACH É TEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS (IT) CHUN PRÍOMHCHUSPÓIRÍ PHLEAN STRAITÉISEACH DE CHUID INJURIESBOARD. IE A BHAINT AMACH. TÁ INFRASTRUCHTÚR TEICNEOLAÍOCHTA ATÁ COTHROM LE DÁTA AGUS ATÁ ÉASCA LE hÚSÁID CURTHA AR FÁIL AGUS Á CHOTHABHÁIL AG AN mBORD CHUN TACÚ LE hOIBRIÚ ÉIFEACHTACH NA hEAGRAÍOCHTA.**

Chuir an Straitéis IT Tosaigh ardán teicniúil láidir agus den scoth ar fáil a thacaíonn leis na riachtanais ghnó reatha agus le riachtanais ghnó sa todhchaí (m.sh. oifig saor ó pháipéar, córais idirlíon-bunaithe agus córais eolais inmheánacha). Áirítear leo siúd córas airgeadais, ríomhphost, uathoibriú oifige agus cumarsáid. I rith 2008 baineadh amach íos-am IT de nialas.

Leagann Straitéis Chorparáideach de chuid InjuriesBoard.ie béim ar an gcustaiméir agus an gá atá ann ionchais seirbhíse a bhaint amach.

I Meitheamh 2008 d'athsheol an Bord a láithreán gréasáin a chuireann eolas ar líne agus rochtain feabhsaithe ar fáil ag www.injuriesboard.ie, lena n-áirítear:

- Iarratas ar líne (24/7) leis an tseirbhís ghutháin atá ann cheana féin a chomhlánú,
- 'Meastóir Éileamh' ar líne chun treoir maidir le luachanna cúitimh a bhraitheann ar mhéid agus ar chineál díobhála a chur ar fáil,
- Seirbhísí níos fearr chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais phobal ileitneach atá ag fás. Treoracha agus cabhair ilteangach (An Ghaeilge, An Béarla, An Pholainnis, An Rúisis, An tSínis (An Mhandairínis) agus An Araibis), agus
- Seirbhísí breisluacha ar nós comhairle faoi shláinte agus faoi fholláine a bheidh dírithe ar an bpróiseas téarnaimh a dheifriú agus leathanaigh ghréasáin ainmnithe don phobal liachta.

# ALT 3

## SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR A FHORBAIRT Ó EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL LE FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH ANN

### Bainistiú, Oiliúint, Comhpháirtíocht Acmhainní Daonna

**IS RUD LÁRNACH Í FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH CHUN RÁITEAS MISIN DE CHUID INJURIESBOARD.IE A SHEACHADADH. AG DEIREADH NA BLIANA 2008 BHÍ 75 BALL FOIRNE FOSTAITHE AG INJURIESBOARD.IE.**

### Oiliúint & Forbairt

I rith 2008 cuireadh clár cuimsitheach ar oiliúint scileanna teicniúla agus bogscileanna ar fáil don fhoireann. Tá an oiliúint deartha chun a chinntiú go féidir le gach ball den fhoireann a ndualgais a chomhlíonadh. Seoladh Scéim Oideachais Chuidithe chomh maith a thacaíonn le baill foirne atá ag tabhairt faoi oiliúint bhainteach nó atá ag staidéar taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre. Lean earcaíocht oscailte i rith 2008 bunaithe ar chreatlach inniúlachta forbartha cheana féin.

### Comhpháirtíocht

Le linn 2008 bhuail Coiste Comhpháirtíochta 14 comhalta an Bhoird le chéile ar bhonn míosa. Is iad seo a leanas bunphrionsabail an choiste sin atá comhdhéanta den fhoireann agus den bhainistíocht agus a dhéanann ionadaíocht ar gach grád:

- Comhúinéireacht ar réiteach fadhbanna, dúshlán, athruithe srl.,
- Go n-aithneoidh an bhainistíocht go bhfuil cearta agus riachtanais ag an bhfoireann agus go gcaithfear iad a thabhairt san áireamh,
- Go n-aithneoidh an fhoireann go gcaithfidh an eagraíocht athrú agus freagairt agus go n-aithneoidh siad gur cóir dóibh a bheith bainteach leis an athrú sin,
- Cumarsáid – ag roinnt eolais, páirtíocht foirne agus comhairliú,
- Comhchuspóirí agus modhanna comhoibriú a fhorbairt i measc athruithe, agus
- Iontaoibh a spreagadh.

Le linn 2008, coinníodh timpeallacht chaidreamh tionsclaíoch cobhsaíoch. Anuas air sin, mar chuid de ghealltanas an Bhoird faoi thimpeallacht oibre fholláin agus shábháilte, rinneadh measúnú eirgeanamaíochta iomlán ar an timpeallacht oibre.

## Rialachas Corparáideach

**OIBRÍONN INJURIESBOARD.IE DE RÉIR FHORÁLACHA AN ACHTA UM BORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA 2003. OIBRÍONN AN BORD FAOI CHOIMIRCE AN AIRE FIONTAIR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA, GO BHFUIL CUMHACHT ACU FAOIN ACHT SEO MAOINIÚ A SHOLÁTHAR DON GHNÍOMHAIREACHT LENA CHUR AR A CUMAS A DUALGAIS A CHOMHLÍONADH; AGUS EOLAS AR GHÍOMHAÍOCHT NA GNÍOMHAIREACHTA A LORG.**

**I DTEANNTA A REACHTAÍOCHTA RIALAITHE FÉIN, CAITHFIDH AN BORD CLOÍ LE RAON EILE DE RIACHTANAIS REACHTÚLA (NÁISIÚNATA AGUS AE) AGUS RIARACHÁIN. GO hÁIRITHE, TÁ NÓSANNA IMEACHTA CURTHA I BHFEIDHM LENA CHINNTIÚ GO gCOMHLÍONFAR NA RIACHTANAIS SEO A LEANAS:**

### Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais Comhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag InjuriesBoard.ie lena chinntiú go gcloíonn sé leis an gCód Cleachtais seo. Dhearbhaigh Cathaoirleach an Bhoird go raibh an Bord ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais don Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. I rith 2008 chuir an Bord moltaí éagsúla ó athbhreithniú seachtrach i bhfeidhm chun feidhmiú an Bhoird a fheabhsú ó thaobh rialachais. Áiríodh leis seo eagrú Coistí Boird agus soiléiriú ról na gcomhaltaí Boird aonair agus ról an Bhoird ina iomlán.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tugadh InjuriesBoard.ie laistigh de scóip an Achta um Eitic Oifigí Poiblí, 1995 le héifeacht ó 1ú Eanáir 2006 (I.R. Uimh. 672 de 2005) agus tá glactha aige le nósanna imeachta chun cloí leis an Acht.

De réir an Achta thuas tá ráitis shainleasa curtha i gcrích ag comhaltaí an Bhoird agus gach ball foirne a bhfuil post sainithe acu ag cloí le forálacha an Achta.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an mBord chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus tá glactha aige le ráiteas sábháilteachta a chuimsíonn gach gné de leas na foirne.

### Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá InjuriesBoard.ie tiomanta do pholasaí chomhionannas deiseanna agus glactar cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá InjuriesBoard.ie tiomanta do thimpeallacht oibre/saoil chothrom a fhorbairt don fhoireann ar fad. Oibrítear socruithe fhreastail, uaire oibre atá solúbtha agus táthar ag scrúdú socruithe oibre neamhghnách eile i gcomhar leis an bhfoireann.

# ALT 3

## SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR A FHORBAIRT Ó EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL LE FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH ANN

### Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí cláraithe faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí é InjuriesBoard.ie. Chomhaontaigh an Bord ar Bheartas Cosanta Sonraí foirmiúil le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. B'fhorbairt shuntasach é seo a chuir an Bord chun tosaigh ó thaobh nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm, ar an tslí sin tá sé ag cosaint cearta bunúsacha príobháideachta an duine agus ag feidhmiú smachta ar a nmbealach a chuirtear eolas pearsanta ar fáil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

### Achtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997agus 2003

Níor tugadh InjuriesBoard.ie faoi théarmaí tagartha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann InjuriesBoard.ie faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chuireann creat reachtúil ar fáil chun seirbhísí a sheachadadh i nGaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil sin go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

### Soláthar

Is tairiscint iomaíoch an nós imeachta a úsáideann an Bord de ghnáth sa phróiseas soláthair. Bhí aird chuí ag na tairiscintí a eisíodh ar thairseacha luacha do chur i bhfeidhm rialacha soláthair. Deimhníonn InjuriesBoard.ie go gcomhlíonfar nósanna imeachta tairisceana i ndáil le tairiscint iomaíoch. Áireofar leis sin go gcloífear le treoirlínte náisiúnta agus le Treoracha AE, a bhfuil feidhm dlí leo in Éirinn agus i ngach Ballstát. I rith 2008 rinne an Bord nuashonrú ar a bheartais soláthair agus a nósanna imeachta soláthair agus rinne siad iad a athcheartú i ndiaidh athbhreithnithe inmheánaigh ar an bpróiseas soláthair.

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann InjuriesBoard.ie faoi théarmaí tagartha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002. Is é beartas an Bhoird ná cinntiú go ndéantar traiceáil ar gach sonrasc agus go n-íoctar iad go tapa roimh an dáta dlite chun críche úis agus táillí. Tá na nósanna imeachta ar bun chun dearbhuithe réasúnacha a chur ar fáil maidir le neamh chomhlíonadh an Achta agus na Rialacháin.

### Cáin

Deimhníonn InjuriesBoard.ie go gcomhlíonfar dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta ar bun lena chinntiú go bhfuil an Bord ina eiseamlár agus é ag comhlíonadh a n-oibleagáid faoi dhlíthe cánacha agus go n-íocfar dliteanais chánach ar nó roimh na dátaí dlite iomchuí.

# 2008



Tuarascáil Bhliantúil

InjuriesBoard.ie

# ALT 4

## AG ARDÚ FEASACHTA AR INJURIESBOARD.IE AGUS AG CUR GO DEARFACH LE TIMPEALLACHT RÉITEACH ÉILEAMH

# ALT 4

## AG ARDÚ FEASACHTA AR INJURIESBOARD.IE AGUS AG CUR GO DEARFACH LE TIMPEALLACHT RÉITEACH ÉILEAMH

### Feachtas Eolais/Feasachta 2008

#### Aitheantas Branda agus ainm nua a fhorbairt

**I nDEIREADH NA BLIANA 2007, CHEAP AN BORD, GNÍOMHAIREACHT DEARTHA AGUS FÓGRAÍOCHTA CHUN AITHEANTAS BRANDA NUA A CHUR AR FÁIL DON EAGRAÍOCHT, CHUN FEASACHT TOMHALTÓRA A CHUR CHUN CINN AGUS AISGHLAO AN AINME A NEARTÚ MAR CHUID DEN PHRÓISEAS BRANDÁLA, CINNEADH AINM OIBRE NA hEAGRAÍOCHTA A ATHRÚ ÓN MBORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA NÓ PIAB CHUIG INJURIESBOARD.IE.**

**TÁ ROINNT CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAIRBHÍ LEIS AN TEIDEAL NUA DO THOMHALTÓIRÍ:**

- **TÁ SÉ GONTA,**
- **TÁ SÉ ÉASCA LE hÚSÁID,**
- **TÉANN SÉ I nGLEIC LE AGUS CUIREANN SÉ FEASACHT TOMHALTÓRA CHUN CINN,**
- **CINNTÍONN SÉ AISGHLAO AINME, AGUS**
- **SPREAGANN SÉ ROCHTAIN DHÍREACH AR AN mBORD.**

#### Seoladh InjuriesBoard.ie

Sheol an Tánaiste & an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Mary Coughlan T.D., an t-aitheantas branda agus an teideal oibre nua, InjuriesBoard.ie, go hoifigiúil an 19ú Meitheamh 2008.

I gcomhtráth leis an seoladh sin, seoladh an láithreán gréasáin nua www.injuriesboard.ie ina raibh seirbhísí nua agus feabhsaithe lenar áiríodh seirbhísí iarratais ar líne, Meastóir éileamh ar líne, seirbhísí ilteangacha agus rannóg sláinte agus folláine chun cuidiú le daoine tar éis timpiste. Ó seoladh an láithreán gréasáin InjuriesBoard.ie, tá an líon daoine a thugann cuairt ar an laithreán gach lá dúbailte go dtí 500.

Thacaigh feachtas náisiúnta fógraíochta ilmheáin leis an mbranda nua agus seirbhísí feabhsaithe lenar áiríodh teilifís, raidió náisiúnta agus réigiúnach, preas náisiúnta agus ar líne. Rinne naisc urraithe ar www.injuriesboard.ie níos éasca é do thomhaltóirí dul i dteagmháil leis an mBord.

Léiríonn an taighde neamhspleách is déanaí arna choimisiúnú ag an mBord i Meán Fómhair 2008 gur éirigh leis an bhfeachtas cur le spontáineacht agus cur le feasacht maidir le InjuriesBoard.ie agus a ról. Ciallaíonn sé sin go bhfuil níos mó tomhaltóirí ar an eolas maidir leis an mBord agus a chuid feidhmeanna. Eascaíonn sé seo rochtain ar sheirbhísí an Bhoird d'éilitheoirí a bhfuil oibleagáid orthu a gcuid éileamh a chur faoi bhráid an Bhoird ar an gcéad dul síos.

#### Clár Rannpháirtíochta an Gheallsealbhóra

Bhí forbairt Chlár Rannpháirtíochta an Gheallsealbhóra ag gabháil leis an ngné fógraíochta den Fheachtas Eolais/Feasachta. Áiríodh air sin, cur i láthair tosaigh, ar ar fhreastail comhaltaí aonair Chumann Lucht Tráchtála Bhaile Átha Cliath agus geallsealbhóirí breise a fuair cuireadh díreach ón mBord lenár áiríodh ionadaithe cuideachtaí árachais, Ceardchumainn, Eagraíochtaí Sláinte & Sábháilteachta, Lucht Leighis, An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, An Rialtóir Airgeadais (agus Comhlachtaí Stáit eile), Ranna Rialtais agus Lucht Dlí.

Cuireadh tús freisin le Clár Rannpháirtíochta an Gheallsealbhóra leantach i 2008 agus bhí cur i láthair do ghrúpaí lenár áiríodh IBEC, Ranna Rialtais, Dochtúirí Teaghlaigh agus Máinlianna Ortaipéideacha, Mandate, SIPTU, IFA, ICA, SFA & CIF mar thoradh air. Leanfar leis an gclár léachta náisiúnta seo agus déanfar forbairt air in 2009 agus is páirt lárnach é den fheachtas Eolais/Feasachta leantach. Cinntíonn an clár seo go mbeidh na grúpaí a bhaineann lenár gcustaiméirí (i.e. Éilitheoirí

agus Fhreagróirí) go hiomlán ar an eolas maidir le feidhmeanna an Bhoird chomh maith leis an bpróiseas éileamh.

## Dliteanas Mótair agus Fostóra Athbhreithnithe a foilsíodh

Foilsíodh dhá athbhreithniú sonraí de chuid InjuriesBoard.ie ar dhámhachtainí mótair agus dliteanas fostóra. Cuireann na hathbhreithnithe léargas luachmhar ar fáil maidir le timpistí mótair agus timpistí a tharlaíonn san ionad oibre in Éirinn.

## Athbhreithniú Dliteanais Mótair

I nDeireadh Fómhair 2008, d'fhoilsigh InjuriesBoard.ie anailís ar bheagnach 10,000 dámhachtain a rinneadh maidir le timpistí mótair.

Rinneadh anailís ar 9,655 dámhachtain díobhála pearsanta a rinneadh in 2006 agus in 2007. Tugann na torthaí léargas luachmhar ar threochtaí timpistí mótair in Éirinn agus ar na laethanta agus na míonna is contúirtí ar bhóithre na hÉireann ach go háirithe.

Léiríonn na sonraí ó na dámhachtainí a rinneadh in 2006 agus in 2007 ar aon, arbh €200m iad, gur tharla níos mó timpistí mótair i mí Dheireadh Fómhair seachas aon mhí eile sa bhliain, is ionann iad agus níos mó ná éileamh mótair amháin as gach deich cinn. I gcodarsnacht leis sin, bhí níos lú ná 7% éileamh timpiste mótair i mí Feabhra agus i mí an Mheitheamh.

## Athbhreithniú Dliteanais Fostóra

I Nollaig 2008, d'fhoilsigh InjuriesBoard.ie athbhreithniú ar bheagnach 1,000 dámhachtain díobhála pearsanta a rinneadh in 2007. Léirigh an anailís go dtarlaíonn na díobhálacha is tromchúisí ag an obair de bharr timpistí lena mbaineann innealra agus timpistí lena mbaineann trealamh lochtach.

Áirítear iad seo a leanas ar thorthaí breise an staidéir:

- Sheas oibrithe in earnálacha éagsúla do 30% de dhámhachtainí san áit oibre
- Sheas oibrithe trádála i dtógáil agus mianadóireacht agus tiománaithe agus oibreoirí gléasra soghluaiste do dhámhachtain amháin as gach sé cinn,
- Sheas fir do 70% de dhámhachtain san áit oibre, ag daingniú mheánluach na ndámhachtainí de €27,659, a bhí thart ar 25% níos airde ná a gcuid chomhghleacaithe mná a fuair meánluach cúitimh de €22,181 (ag léiriú, is dócha, na leibhéil phá sna slite beatha ábhartha inar tharla timpistí),
- Bhí innealra agus trealamh lochtach freagrach as 7 dámhachtain as na 11 dámhachtain ab airde sa bhreis ar €100,000, agus
- Sheas titim san áit oibre do 30% de na dámhachtainí ar fad agus de na 4 dámhachtain deiridh as na 11 dámhachtain ab airde.

## Cur faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais

Faoi théarmaí an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, tá príomhcheanglas cuntasachta ar an bPríomhfheidhmeannach dul os comhair Comhchoiste den Oireachtas nuair a iarrtar sin. Tháinig Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach InjuriesBoard.ie os comhair Chomhchoiste an Oireachtais ar Fhiontar, ar Thrádáil agus ar Fhostaíocht an 15ú Deireadh Fómhair 2008 chun Tuarascáil Bhliantúil 2007 an Bhoird a phlé. Bhí díospóireacht dhearfach agus chuiditheach i gceist a chlúdaigh go leor de na príomhcheisteanna atá os comhair an Bhoird. Léirigh Comhaltaí an Oireachtais go raibh siad sásta leis an dul chun cinn atá déanta ag an mBord ó bunaíodh é, go háirithe an tionchar atá aige ar chostais árachais.

2008



InjuriesBoard.ie

Tuarascáil Bhliantúil

# ALT 5

## RÁITIS AIRGEADAIS

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Clár


| | |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 41 |
| Ráiteas Freagrachtaí an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 42 |
| Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh | 43 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 44 |
| Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 46 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 47 |
| Clár Comhardaithe | 48 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 49 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 50 |

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Eolas Ginearálta

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | Dorothea Dowling |
| **Comhaltaí an Bhoird** | An Seanadóir Joe O'Toole<br>Patricia Byron<br>John Fay<br>Tom Noonan<br>Pat Healy<br>Ann Fitzgerald<br>Mary O'Dea<br>Frances Cooke<br>Frank Cunneen<br>An tOllamh Denis Cusack |
| **Oifig** | Teach Grain<br>Halla an Mhalartáin<br>Cearnóg Belgard Thuaidh<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24 |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>An tSráid Mhór<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24 |
| **Aturnaetha** | Arthur Cox & Co.<br>Ionad Phort an Iarla<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Láithreán Gréasáin** | www.injuriesboard.ie |

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008


## Ráiteas Freagrachtaí an Bhoird

Ceanglaíonn Alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 ar an mBord ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormáid agus sa tslí atá sonraithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Agus an Bord ag ullmhú na ráiteas seo, éilítear air:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.
- A lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe faoi réir ag aon imeacht ábharthach sna ráitis airgeadais a nochtaítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 77 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Joe O'Toole
Thar ceann an Bhoird

21ú Bealtaine 2009



Ann Fitzgerald
Thar ceann an Bhoird

21ú Bealtaine 2009

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann Bhord Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Ní féidir le córas airgeadais inmheánach den sórt sin ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh earráide ábharthaí. Tugann an córas deimhniú réasúach go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí ábharthacha agus mírialtachtaí a chosc nó a aimsiú laistigh de thréimhse thráthúil.

### Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord le timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí na rudaí seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí;
- Coiste Iniúchta a bhunú le comhairle a chur ar an mBord maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.

Leanann an PIAB de bheith ag forbairt agus ag feabhsú próisis bhainistíochta chun rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí:

- nádúr, méid agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a íoslaghdú;
- measúnú a dhéanamh ar oibriú chostais rialuithe áirithe i gcomparáid leis an leas a fhaightear.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánach bunaithe ar chreat oibre d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas chleachtais tarmligin agus cuntasachta. Áirítear air, go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord tríd an gCoiste Airgeadais;
- ráiteas faoi shreabhadh airgid míosúil le hanailís ar chatagóirí ioncaim agus caiteachais mhóra, a athbhreithníonn Coiste Airgeadais an Bhoird;
- feidhmiú chóras cuntasaíochta airgeadais – tá córas bogearrraí ríomhaire bunaithe ag an mBord lena n-áirítear pacáiste cuntasaíochta chun na rialaithe airgeadais inmheánaigh a éascú.

Tá Coiste Iniúchta agus gnólacht iniúchóirí gairmiúla neamhspleácha ceaptha ag an mBord chun dul i mbun feidhme iniúchta inmhéanaigh. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmhéanaigh de réir Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an mBord. Bunaíodh Coiste Airgeadais chun ráitis airgeadais bhliantúla agus buiséid bhliantúla a athbhreithniú agus forléargas a dhéanamh ar nósanna imeachta airgeadais go ginearálta. Ceadaíonn an Príomhfheidhmeannach an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánacha agus tá siad faoi réir formhuinithe an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchta agus faoi réir fhaomhadh an Bhoird.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2008, dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

**Dorothea Dowling**
*Cathaoirleach*

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

**Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach**

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

**An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis**

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

**Tuairim**

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2008 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**Gerard Smyth**
**Le haghaidh agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
12 **Meitheamh 2009**

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

### Bunús an Ullmhaithe

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhruithe cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil de réir cleachtas cuntasaíochta atá glactha go ginearálta agus tá siad san fhormáid a comhaontaíodh leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra a luaitear sna ráitis airgeadais.

### Ioncam ó Tháillí

Tá Ioncam ó Tháillí comhdhéanta de tháillí éilitheoirí agus freagróirí. Aithnítear Táillí Éilitheora ar bhonn fáltais airgid thirim. Aithnítear Táillí Freagróra nuair a thoiltear chuig próiseas measúnaithe an Bhoird.

### Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide carnadh dímheasa. Soláthraítear dímheas ar bhonn na líne dírí ag rátaí a mheastar a laghdóidh na sócmhainní chuig luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saoil úsáidigh mheasta mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Áitreabh Léasachta | An méid blianta atá fágtha ar an léas | |
| Crua-Earraí/Bogearraí IT | 25% | Líne Dhíreach |
| Trealamh Oifige | 20% | Líne Dhíreach |
| Fearais agus Feistis | 12.50% | Líne Dhíreach |
| Troscán oifige | 12.50% | Líne Dhíreach |

### Cánachas

Tá an Bord díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Ní bhaineann an diolúine seo le hús taisce. Sa chás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach i gceist (m.sh. DIRT) cuirtear an glanmhéid infhaighte chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais.

### Léas Oibríochta

Cuirtear íocaíochtaí faoin léas oibríochta de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### Aoisliúntas

Toisc na socruithe, mar a bhfuil tuairisc orthu i Nóta 13, atá an Bord ag cur ar bun maidir leis an scéim shochair shainithe a bheidh i bhfeidhm d'fhostaithe, is é dearcadh an Bhoird nach bhfuil na forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, i ndáil le cuntasaíocht do dhliteanais phinsin a thagann chun cinn faoi scéimeanna shochair shainithe infheidhme maidir lena n-imthosca. Dá réir sin, cuireann an Bord na ranníocaíochtaí fostóra de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain, amhail is dá mba scéim ranníocaíochtaí sainithe í an scéim.

### Cúlchiste Ginearálta

Le linn don Bhord a fheidhmeanna a fhorbairt, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach go mbainfí leas as caingean dlí chun táillí atá dlite dó a aisghabháil faoin Acht. I gcásanna áirithe, measann an Bord go bhfuil sé stuama go bhfuil acmhainní dóthanacha ar fáil chun na costais a sheasamh.

Dá réir sin, aistrítear méideanna ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCúlchiste Ginearálta nuair a mheastar é sin a bheith riachtanach.

### Féichiúnaithe

Díscríobhtar drochfhiacha atá ar eolas agus déantar soláthar sonrach d'aon mhéid a mheastar go mbeadh a mbailiú amhrasach.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

| | NÓTAÍ | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam ó Tháillí | 1 | 12,859,329 | 9,914,450 |
| Ús Infhaighte | | 134,233 | 73,862 |
| Aistriú ó Chuntas Caipitil | 11 | 87,103 | 273,385 |
| **Ioncam Iomlán** | | **13,080,665** | **10,261,697** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara | 2 | 5,307,332 | 5,046,883 |
| Costais Phróiseála Éilimh | 3 | 1,527,227 | 1,200,530 |
| Costais na gComhaltaí Boird | | 108,000 | 108,000 |
| Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta | 4 | 640,623 | 425,025 |
| Earcaíocht, Oideachas & Oiliúint | 4 | 178,646 | 194,357 |
| Eolas, Taighde agus Cumarsáid | 4 | 970,209 | 286,378 |
| Costas Dlí & Táillí Gairmiúla | 4 | 1,369,176 | 729,390 |
| Costais IT | 4 | 797,540 | 692,899 |
| Costais Teileachumarsáide | | 147,255 | 204,801 |
| Riarachán Ginearálta | 4 | 722,486 | 917,546 |
| (Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt Shócmhainní Seasta | | 0 | (2,829) |
| Dímheas | | 232,643 | 388,217 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **12,001,137** | **10,191,197** |
| **BARRACHAS DON BHLIAIN** | | **1,079,528** | **70,500** |
| Aistriú ó Chúlchiste Ginearálta | | 250,000 | 0 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | 949,443 | 878,943 |
| **IARMHÉID AMHAIL DEIREADH NA BLIANA** | | **2,278,971** | **949,443** |

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais seachas iad sin a ndéileáiltear leo sna ráitis airgeadais.
Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go dtí 16.

Joe O'Toole
Thar ceann an Bhoird

21ú Bealtaine 2009

Ann Fitzgerald
Thar ceann an Bhoird


21ú Bealtaine 2009

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Clár Comhardaithe an 31 Nollaig 2008

| | NÓTAÍ | 2008 | 2008 | 2007 | 2007 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 5 | | 1,046,401 | | 1,093,123 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | 6 | 2,580,504 | | 2,088,241 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 5,158,933 | | 3,055,292 | |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | **7,739,437** | | **5,143,533** | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe: Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin | 7 | 5,028,753 | | 3,735,224 | |
| **Glan-Sócmhainní Reatha** | | | 2,710,685 | | 1,408,309 |
| Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha | | | 3,757,086 | | 2,501,432 |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanais | 8 | | 820,018 | | 556,790 |
| **Glan-Sócmhainní** | | | **2,937,068** | | **1,944,642** |
| **Maoinithe Ag:** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | 11 | | 658,097 | | 745,199 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 2,278,971 | | 949,443 |
| Cúlchiste Ginearálta | 12 | | 0 | | 250,000 |
| | | | **2,937,068** | | **1,944,642** |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go dtí 16.



Joe O'Toole
Thar ceann an Bhoird

21ú Bealtaine 2009




Ann Fitzgerald
Thar ceann an Bhoird

21ú Bealtaine 2009

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

| | NÓTAÍ | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | | |
| Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 9 | 2,155,329 | 689,077 |
| | | | |
| Aischuir ar Infheistíochtaí agus Seirbhísiú Airgeadais | | | |
| Ús Bainc | | 134,233 | 73,862 |
| | | | |
| **Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil** | | **2,289,562** | **762,939** |
| | | | |
| **Caiteachas Caipitil** | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 5 | (185,921) | (275,692) |
| Díolachán Sócmhainní Inláimhsithe | | 0 | 8,818 |
| | | | |
| **Glan-Eis-Sreabhadh Airgid ó Chaiteachas Caipitil** | | **(185,921)** | **(266,874)** |
| | | | |
| **Gluaiseacht Airgid don Bhliain** | 9 | **2,103,641** | **496,065** |



Joe O'Toole
Thar ceann an Bhoird

21ú Bealtaine 2009



Ann Fitzgerald
Thar ceann an Bhoird

21ú Bealtaine 2009

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Notaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

| | | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| **1.** | **Ioncam ó Tháillí** | **€** | **€** |
| | Ioncam ó Tháillí Éilitheoirí | 1,135,790 | 1,080,100 |
| | Ioncam ó Tháillí Freagróirí | 11,723,539 | 8,834,350 |
| | | **12,859,329** | **9,914,450** |

| | | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| **2.** | **Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara** | **€** | **€** |
| | Tuarastail | 4,246,705 | 4,033,096 |
| | Ranníocaíochtaí Aoisliúntais an Fhostóra | 681,344 | 654,273 |
| | Ranníocaíochtaí ÁSPC an Fhostóra | 379,283 | 359,514 |
| | | **5,307,332** | **5,046,883** |
| | **An Líon Foirne** | | |
| | Foireann fostaithe go díreach ag an mBord | 75 | 71 |

| | | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Costais Phróiseála Éilimh** | **€** | **€** |
| | Costais an Ionaid Seirbhíse Eisfhoinsithe | 1,526,877 | 1,230,297 |
| | Táillí Leighis a bhain le hÉilimh | 4,182,553 | 4,062,283 |
| | Costais Eile a bhain le hÉilimh | 154,747 | 136,449 |
| | Costais a bhain le hÉilimh a íocfar cúiteamh orthu* | (4,336,950) | (4,228,499) |
| | | **1,527,227** | **1,200,530** |

** Rinneadh na costais seo a bhain le héilimh a íocfar cúiteamh orthu a athaicmiú ó ioncam chun cuidiú leis an gcur i láthair.*

| | | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| **4.** | **Caiteachas** | **€** | **€** |
| | **Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta** | | |
| | Cíos, Rátaí agus Muirir Seirbhíse* | 497,099 | 253,927 |
| | Glantachán agus Slándáil | 61,295 | 59,980 |
| | Solas & Teas, Cothabháil agus Eile | 82,229 | 111,118 |
| | | **640,623** | **425,025** |

** Áirítear ar mhuirear 2008 fábhrú do mhuirir rátaí de €188,000 tar éis nár éirigh leis an mBord i gcás a thóg na Coimisinéirí Luachála.*

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Notaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

| 4. | **Caiteachas** *(ar lean)* | **2008** | **2007** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | **Earcaíocht, Oideachas & Oiliúint** | | |
| | Oiliúint, Oideachas & Costais Eile | 135,375 | 160,847 |
| | Fógraíocht, Agallaimh agus costais Earcaíochta eile | 43,271 | 33,510 |
| | | **178,646** | **194,357** |
| | **Eolas, Taighde agus Cumarsáid** | | |
| | Feachtas Brandála & Feasachta | 615,658 | 0 |
| | Costais Fógraíochta Eile | 259,923 | 212,902 |
| | Bileoga eolais/Bróisiúir & Foilseacháin | 94,628 | 73,476 |
| | | **970,209** | **286,378** |
| | **Costas Dlí & Táillí Gairmiúla** | | |
| | Táillí Staitisticiúla, Iniúchta Inmheánaigh & Proifisiúnta Eile | 131,427 | 313,499 |
| | Costais Iniúchta | 12,863 | 13,750 |
| | Táillí Dlí | 179,742 | 173,072 |
| | Costais Athbhreithnithe Breithiúnach | 1,952,421 | 298,407 |
| | Costais Athbhreithnithe Breithiúnach a chaithfear a aisíoc | (907,277) | (75,021) |
| | Tuarascáil Shochar Costais | 0 | 5,683 |
| | | **1,369,176** | **729,390** |
| | **Costais IT** | | |
| | Forbairt Bogearraí IT | 75,597 | 61,950 |
| | Táillí Ceadúnais IT | 493,342 | 437,244 |
| | Tacaíocht agus Cothabháil IT | 187,856 | 104,105 |
| | Earraí Inchaite & Oiliúint IT | 19,866 | 29,278 |
| | Costais Eile IT | 20,879 | 60,322 |
| | | **797,540** | **692,899** |
| | **Riarachán Ginearálta** | | |
| | Postas | 411,377 | 365,306 |
| | Taisteal & Cothabháil | 31,436 | 26,413 |
| | Páipéarachas Oifige | 58,999 | 64,596 |
| | Árachas | 35,364 | 50,039 |
| | Foireann Shealadach | 104,228 | 131,766 |
| | Nithe éagsúla | 83,026 | 47,483 |
| | Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | (1,944) | 231,943 |
| | | **722,486** | **917,546** |

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Notaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

**5.**

| Sócmhainní Seasta | Áitribh Léasachta | Crua-Earraí/ Bogearraí IT | Trealamh Oifige | Fearais & Feistis | Troscán Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Amhail an 1 Eanáir | 826,928 | 1,217,967 | 176,645 | 46,951 | 241,168 | 2,509,659 |
| Nithe Breise | 5,736 | 180,185 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 185,921 |
| Diúscairt | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 0.00 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **832,664** | **1,398,152** | **176,645** | **46,951** | **241,168** | **2,695,580** |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 188,639 | 1,010,370 | 100,048 | 14,458 | 103,021 | 1,416,536 |
| Muirear | 41,615 | 119,679 | 35,330 | 5,869 | 30,150 | 232,643 |
| Diúscairt | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 0.00 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **230,254** | **1,130,049** | **135,378** | **20,327** | **133,171** | **1,649,179** |
| **Glan-Luach Leabhair** | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2008** | **602,410** | **268,103** | **41,267** | **26,624** | **107,997** | **1,046,401** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2007** | **638,289** | **207,597** | **76,597** | **32,493** | **138,147** | **1,093,123** |

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Notaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

### 6. Féichiúnaithe

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin | | |
| Táillí Infhaighte | 2,090,976 | 2,424,962 |
| Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | (494,500) | (519,659) |
| Táillí Dlí Inaisíoctha* | 820,018 | 0 |
| Ús Infhaighte | 4,622 | 45,097 |
| Réamhíocaíochtaí | 159,388 | 137,841 |
| | **2,580,504** | **2,088,241** |

** Chomhaontaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go n-íocfaidh sí cúiteamh leis an mBord i leith a chuid costais sa chás O'Brien v An Bord um Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, inár thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas i Nollaig 2008. Ba é iomlán na gcostas a aisíocadh sna blianta roimhe sin ná €438,531 agus cuntasaíodh iad mar Deontais Stáit. Aithníodh suim aisíoctha breise de €820,018 sna ráitis airgeadais 2008 agus frithháiríodh í in aghaidh costas dlí. Féach ar Nóta 8 le haghaidh tuilleadh eolais.*

### 7. Creidiúnaithe

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin | | |
| Creidiúnaithe Trádála | 162,620 | 643,493 |
| Fabhruithe | 4,432,955 | 2,353,835 |
| Cánacha & Leas Sóisialach | 317,469 | 196,991 |
| Dliteanas Pinsin | 65,709 | 60,905 |
| Creidiúnaithe eile | 50,000 | 480,000 |
| | **5,028,753** | **3,735,224** |

### 8. Soláthairtí le haghaidh dliteanais

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | 556,790 | 1,084,960 |
| Gluaiseacht don Bhliain | 263,228 | (528,170) |
| **Iarmhéid Deiridh** | **820,018** | **556,790** |

Tionscnaíodh gníomhaíocht in aghaidh an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2004 a bhain le beartas atá glactha ag an mBord maidir le bheith ag scríobh go díreach chuig éilitheoirí agus an chóip den chomhfhreagras a sheoladh chuig a n-aturnaetha. In Eanáir 2005 thug an Ard-Chúirt breithiúnas i bhfabhar an éilitheora. Rinne an Bord achomhairc chun na Cúirte Uachtaraí in 2005 agus éisteadh leis an gcás i Nollaig 2008. Sheas an Chúirt Uachtarach le cinntí na hArdchúirte agus dámhadh costais in aghaidh an Bhoird.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Notaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

| | | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| **9** | **i) Réiteach barrachais don bhliain chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **€** | **€** |
| | Barrachas don Bhliain | 1,079,528 | 70,500 |
| | **Míreanna Neamh-Oibríochta** | | |
| | Ús Bainc | (134,233) | (73,862) |
| | Díolachán sócmhainní seasta | 0 | (2,829) |
| | **Míreanna Nach Bearta Airgid Iad** | | |
| | Aistriú Cuntais Chaipitil | (87,103) | (273,385) |
| | Muirear Dímheasa | | |
| | - Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 232,643 | 388,217 |
| | (Ardú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe | (492,263) | (170,988) |
| | Ardú/(Laghdú) i gCreidiúnaithe | 1,293,529 | 1,279,594 |
| | Ardú/(Laghdú) i Soláthairtí le haghaidh dliteanas | 263,228 | (528,170) |
| | **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **2,155,329** | **689,077** |

**ii) Ardú ar airgead tirim**

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| **Réiteach Ardaithe Airgid go hAirgead Tirim sa Bhanc** | | |
| Gluaiseacht Airgid don Bhliain | 2,103,641 | 496,065 |
| Airgead tirim sa bhanc an 1ú Eanáir | 3,055,292 | 2,559,227 |
| **Airgead Tirim sa Bhanc an 31ú Nollaig** | **5,158,933** | **3,055,292** |

**10. Tiomantais Airgeadais**

**Tiomantais Chaipitil**

Bhí tiomantais ag an mBord maidir le conradh ceadúnais bogearraí iníoctha mar a leanas:

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Dlite laistigh de bhliain amháin | 0 | 300,000 |
| Dlite tar éis bliain amháin & roimh chúig bhliana | 0 | 0 |
| | **0** | **300,000** |

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Notaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

**10. Tiomantais Airgeadais** *(ar lean)*

**Léasanna Oibríochta**

Tá áitreabh ag an mBord ag Teach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.
Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus íocann an Bord na costais léasa. Mairfidh an léas ar feadh téarma fiche bliain ag tosú ó 2004 le cíos tosaigh de €188,554 sa bhliain. Déantar athbhreithnithe cíosa ag tús an séú bliain, an aonú bliain déag agus na séú bliana déag den léas.

| | **2008** | **2007** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Dlite laistigh de bhliain amháin | 0 | 0 |
| Dlite tar éis bliain amháin & roimh cúig bliana | 0 | 0 |
| Tar éis cúig bliana | 188,554 | 188,554 |
| | **188,554** | **188,554** |

**11. Cuntas Caipitil**

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 745,200 | 1,018,585 |
| Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní | (87,103) | (273,385) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **658,097** | **745,200** |

Is ionann an cuntas caipitil agus fáltais ón Rialtas a leithroinneadh chun sócmhainní seasta a cheannach. Déantar na fáltais seo a amúchadh ag teacht le dímheas na sócmhainní seasta gaolmhara.

**12. Cúlchiste Ginearálta**

| | **2008** | **2007** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 250,000 | 250,000 |
| Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim & Caiteachais | (250,000) | 0 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **0** | **250,000** |

Chinn an Bord nach bhfuil an Cúlchiste Ginearálta ag teastáil níos mó.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Notaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

**13. Cóireáil Chuntasaíochta do Shochair Scoir**

Feidhmíonn an Bord scéim phinsin shochair shainithe do na fostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar shamhail na Seirbhíse Poiblí. Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais an scéim fostaí seo in 2008. Tá an Scéim Chéile agus Leanaí ag fanacht ar cheadú ón Aire.

Tá na sochair atá iníoctha faoin scéim á maoiniú ag Státchiste.

Tá roinnt tréithe sainiúla ag an scéim:

- Íocann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.
- Tá an ranníocaíocht comhdhéanta d'fhostaithe agus d'fhostóirí. B'fhiú 16.67% de phá comhlán ranníocaíocht an fhostóra in 2008.
- Tá tiomantas follasach ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le comhaontú ón Roinn Airgeadais, go seasfaidh an Státchiste costas na sochair mar a thiteann siad.

Breithníonn an Bord go bhfuil an éifeacht airgeadais chéanna ag na socruithe pinsin, mar a thuairiscítear thuas, agus atá ag scéim ranníocaíochtaí sainithe i dtuairim an Bhoird. Is é léargas an Bhoird ná nach bhfuil forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a thagann chun cinn faoi scéimeanna shochair shainithe, oiriúnach dá n-imthosca. Da réir sin, breathnaítear ar na ranníocaíochtaí mar a bheadh an scéim ina scéim ranníocaíochtaí sainithe.

**14. Leasanna Chomhaltaí an Bhoird**

De réir Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, chuir an Bord Cóid Iompair Ghnó i bhfeidhm do Chomhaltaí an Bhoird agus d'fhostaithe. Áirítear ar na cóid sin treoir maidir le faisnéisiú leasanna Chomhaltaí an Bhoird agus chloígh an Bhord leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana agus atá clúdaithe ag na ráitis airgeadais seo. Níl aon idirbhearta sa tréimhse a raibh leas ann do Chomhaltaí an Bhoird.


**15. Figiúirí Comparáideacha**

Rinneadh roinnt coigeartuithe chun cuidiú leis an gcur i láthair agus athshonraíodh na figiúirí comparáideacha don bhliain 2007 ar bhonn seasta.

**16. Ceadú na Ráiteas Airgeadais**

Bhí na ráitis airgeadais ceadaithe ag an mBord amhail an 21ú Bealtaine, 2009.

2008



InjuriesBoard.ie

Tuarascáil Bhliantúil

# AGUISÍNÍ



# AGUISÍN 1:

## LÍNE AMA STAIRIÚIL INJURIESBOARD.IE

Léiríonn an tábla thíos forbairt stairiúil Injuriesboard.ie ó ceapadh an coincheap ar dtús, trí fhorbairt Injuriesboard.ie go dtí an lá atá inniu ann agus déanann an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta atá i bhfeidhm go hiomlán os cionn 8,000 dámhachtain cúitimh in aghaidh na bliana.

### Líne Ama Stairiúil InjuriesBoard.ie

| | |
|---|---|
| 1996 | Luadh i dTuarascáil de chuid Deloitte ar iomaíochas go raibh costais árachais in Éirinn 'an-ard', agus go raibh leibhéil mhíreanna árachais criticiúil ó thaobh mar shampla dliteanas fostaí níos airde go suntasach ná mar atá ag ár gcomhghleacaithe san Eoraip. |
| 2002 | Mhol Tuarascáil an Bhord Comhairleach um Árachas Gluaisteáin (2002) roinnt gníomhartha chun dul i ngleic le costas árachais, lena n-áiríodh bearta chun costas dlíthíochta a laghdú. |
| Deireadh 2002 | D'fhógair an Tánaiste agus an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochtaí, Mary Harney T.D., clár cuimsitheach do leasú bunúsach ar mhargadh árachais na hÉireann go mbunófaí Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta láithreach ar bhonn eatramhach. |
| 2003 | Príomh-reachtaíocht an "Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003". |
| Aibreán 2004 | Bunaíodh InjuriesBoard.ie. |
| Meitheamh 2004 | Thosaigh InjuriesBoard.ie ag glacadh le hiarratais éileamh. |
| Márta 2005 | Na chéad dámhachtainí a rinne InjuriesBoard.ie. |
| Deireadh 2005 | Faoi dheireadh 2005 bhí 951 dámhachtain tugtha ag an InjuriesBoard.ie. |
| Deireadh 2006 | Faoi dheireadh 2006 bhí líon na ndámhachtainí ardaithe go dtí 5,573. |
| Nollaig 2006 | Rinne an Dr. Vincent Hogan, UCD, Anailís Costas-Tairbhe Neamhspleách chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr costais an PIAB agus é a chur i gcomparáid le costas an tseanchórais dlíthíochta. Léiríodh sa tuarascáil go seachadaíonn InjuriesBoard.ie cúiteamh níos tapúla agus níos saoire ná an Córas Cúirteanna, le dámhachtainí ina macasamhla ag na cinn a dhéanann na Cúirteanna. |
| 2007/2008 | Lánsreabh Gníomhaíochta. Dámhachtainí bliantúla ag os cionn 8,000 sa bhliain. 23,000 dámhachtain déanta ó bunaíodh é. |

# AGUISÍN 2:

## PRÓISEAS INJURIESBOARD.IE

### Próiseas InjuriesBoard.ie

Tugann an tábla thíos achoimre ar na céimeanna atá i gceist le próiseas éileamh InjuriesBoard.ie.

| Céim | Cur síos |
|---|---|
| Céim 1 | Cuireann an tÉilitheoir an t-éileamh in iúl do InjuriesBoard.ie trí Ionad Seirbhíse InjuriesBoard.ie i gCloich na Coillte, Contae Chorcaí.<br><br>Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Seirbhíse ar an teileafón Luan go Satharn, 8am go 8pm, ar LoCall ag 1890 829 121 nó tríd an bpost ag Bosca O.P. 8, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí. |
| Céim 2 | Tugann ionadaí de chuid InjuriesBoard.ie cabhair don Éilitheoir leis an iarratas. |
| Céim 3 | Cuireann an tÉilitheoir isteach an t-iarratas agus Foirm Mheasúnaithe Liachta. |
| Céim 4 | Cuireann InjuriesBoard.ie an Freagróir ar an eolas faoin éileamh. |
| Céim 5 | Toileann an Freagróir le measúnacht InjuriesBoard.ie* |
| Céim 6 | Má thoileann an Freagróir, déantar measúnú agus cuirtear méid na dámhachtana in iúl don Eilitheoir agus don Fhreagróir. |
| Céim 7 | Glacann an dá pháirtí leis an dámhachtain agus eisíonn InjuriesBoard.ie 'Ordú Íocaíochta' á ordú don Fhreagróir an dámhachtain a íoc leis an Éilitheoir. |
| Céim 8 | Faigheann an tÉilitheoir an íocaíocht agus sin deireadh leis an gcás. |

** Mura dtoileann an Freagróir leis an measúnú nó má dhiúltaíonn ceachtar páirtí an measúnú, eiseoidh InjuriesBoard.ie 'Údarú' don Éilitheoir á údaraíonn dó nó di leanúint lena ngníomh trí na cúirteanna, más mian leis nó léi sin a dhéanamh.*

# AGUISÍN 3:

## AN EAGRAÍOCHT

### Struchtúr Eagraíochta

Léiríonn an t-alt seo a leanas struchtúr eagraíochta InjuriesBoard.ie.

Tá InjuriesBoard.ie faoi cheannas Bord Stiúrthóirí (is féidir teacht ar an liosta sa tábla thíos).

Ceapann an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Bord agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach, agus 10 gnáthchomhalta, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach.


Tá an Bord freagrach as beartais InjuriesBoard.ie a cheapadh agus dualgais iontaobhais eile a chur i bhfeidhm.

### Liosta Iomlán Chomhaltaí an Bhoird

| Ainm | Post |
|---|---|
| Dorothea Dowling | Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin |
| Seanadóir Joe O'Toole | Leaschathaoirleach agus Ainmní ó Chomhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) |
| Patricia Byron | Príomhfheidhmeannach |
| John Fay | Ainmní ón ICTU |
| Tom Noonan | Ainmní ó Chónaidhm Ghnó agus Fostóirí na hÉireann (IBEC) |
| Pat Healy | Ainmní ó Chónaidhm Árachais na hÉireann (IIF) |
| Ann Fitzgerald | Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí |
| Mary O'Dea | Stiúrthóir Tomhaltóra, An Rialtóir Airgeadais |
| Frances Cooke | Aturnae Ioncaim |
| Frank Cunneen | Iar-Chathaoirleach, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| An t-Ollamh Denis Cusack | An Roinn Liachta Fhóiréinseach, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath |

Duine eile a bhí i láthair ag Cruinnithe Boird is ea Stephen Watkins, Rúnaí an Bhoird.

## Struchtúr Eagraíochta




## Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Tá an Príomhfheidhmeannach Patricia Byron mar chomhalta den Bhord. Tá sí i gceannas ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin lena n-áirítear:

- Bernadette King – Stiúrthóir Airgeadais
- Helen Moran – Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Gnó
- Maurice Priestley – Stiúrthóir Oibríochtaí
- Stephen Watkins – Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as oibríochtaí InjuriesBoard.ie a bhainistiú ó lá go lá, le tacaíocht ó na Stiúrthóirí, Bainisteoirí, Measúnóirí agus Foireann Tacaíochta. Ag deireadh 2008, d'fhostaigh InjuriesBoard.ie 75 duine san oifig i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Ina theannta sin, tá Ionad Seirbhíse Allamuigh ag InjuriesBoard.ie i gCloich na Coillte, Co. Chorcaí a bhfuil sé de dhualgas air déileáil le cásanna a ullmhú agus líne cabhrach InjuriesBoard.ie a fheidhmiú.

# AGUISÍN 3:

## THE ORGANISATION

### Feidhmeanna Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Tá sé d'oibleagáid ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta measúnuithe a dhéanamh ar an mbonn céanna le agus trí thagairt do, na prionsabail chéanna, mar a rialaíonn an líon damáistí i ndlí an torta sna Cúirteanna. Tá próiseas InjuriesBoard.ie bunaithe ar an bhfáil atá ar eolas, taifid, nó doiciméid eile agus sin amháin agus ní reáchtalann an Bord aon éisteachtaí ó bhéal.

Tá InjuriesBoard.ie freisin freagrach as na feidhmeanna reachtúla seo a leanas:

- doiciméid a ullmhú agus a fhoilsiú (ar a dtabharfar "An Leabhar Cainníochtaí") ina mbeidh treoirlínte ginearálta maidir leis na méideanna a fhéadfar a dhámhadh nó a mheasúnú i ndáil le cineálacha sonraithe díobhála,
- cur faoi deara anailís chostas-tairbhe a dhéanamh ar imeachtaí dlíthiúla agus na próisis ghaolmhara (lena n-áirítear iad sin dá bhforáiltear faoin Acht) atá in úsáid faoi láthair sa Stát chun críocha cúitimh a dhámhadh i gcomhair díobhálacha pearsanta,
- bailiú agus anailís sonraí i ndáil leis na méideanna a dhámhtar de bhun caingne sibhialta, nó a chomhaontaítear i socrú caingne sibhialta, lena mbaineann an tAcht seo, agus
- aon fheidhmeanna breise a thugtar don Bhord faoi alt 55 den Acht a dhéanamh.

# AGUISÍN 4:

## ANAILÍS GHEOGRAFACH AR ÉILIMH

**Tábla 4.1** ***Dámhachtainí de réir na háite (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) 2007 V. 2008***

| | 2007 | | 2008 | |
|---|---|---|---|---|
| | Uimh. Dámhachtainí | % Dámhachtainí | Uimh. Dámhachtainí | % Dámhachtainí |
| **Poblacht na hÉireann** | 7,946 | 96.8% | 8,576 | 97% |
| **Tuaisceart Éireann** | 140 | 1.7% | 159 | 1.8% |
| **An Chuid eile den Ríocht Aontaithe** | 89 | 1.1% | 74 | 0.8% |
| **An Chuid eile den Domhan** | 33 | 0.4% | 36 | 0.4% |
| **IOMLÁN** | 8,208 | | 8,845 | |

**Tábla 4.2** ***Briseadh síos ar Chatagóir Dámhachtana de réir Áite (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)***

| | 2007 | | | | 2008 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ML | EL | PL | Iom-lán | ML | EL | PL | Iom-lán |
| **Poblacht na hÉireann** | 5,680 | 934 | 1,332 | **7,946** | 6,178 | 953 | 1,445 | **8,576** |
| **Tuaisceart Éireann** | 115 | 12 | 13 | **140** | 139 | 4 | 16 | **159** |
| **An Chuid eile den Ríocht Aontaithe** | 68 | 4 | 17 | **89** | 47 | 4 | 23 | **74** |
| **An Chuid eile den Domhan** | 24 | 3 | 6 | **33** | 18 | 11 | 7 | **36** |

# AGUISÍN 4:

## ANAILÍS GHEOGRAFACH AR ÉILIMH


*Tábla 4.3* ***Briseadh Síos ar líon na nDámhachtainí de réir Cúige (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) 2007 vs. 2008***

| | 2007 | | | | 2008 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ML | EL | PL | Iom-lán | ML | EL | PL | Iom-lán |
| **BÁC** | 1,344 | 282 | 512 | **2,138** | 1,680 | 284 | 516 | **2,480** |
| **An chuid eile de Chúige Laighean** | 1,542 | 229 | 280 | **2,051** | 1,607 | 266 | 323 | **2,196** |
| **Connachta/Ulaidh** | 954 | 108 | 123 | **1,185** | 1,027 | 118 | 161 | **1,306** |
| **Mumhain** | 1,840 | 315 | 417 | **2,572** | 1,864 | 285 | 445 | **2,594** |
| **Lasmuigh den Stát** | 207 | 19 | 36 | **262** | 204 | 19 | 46 | **269** |

## 2008 Briseadh Síos Geografach ar Dhámhachtainí

*Fíor 4.1*

***Uimh. Dámhachtainí de réir Contae***




# AGUISÍN 4:

## ANAILÍS GHEOGRAFACH AR ÉILIMH

### 2008 Briseadh Síos Geografach ar Dhámhachtainí

*Fíor 4.2*


***% de gach Dámhachtain de réir Contae***



## 2008 Briseadh Síos Geografach ar Dhámhachtainí

*Fíor 4.3*

***% de Dhaonra Iomlán sa Chontae (bunaithe ar shonraí an Phríomh-Oifig Staidrimh 2006)***




# AGUISÍN 4:

## ANAILÍS GHEOGRAFACH AR ÉILIMH

### 2008 Briseadh Síos Geografach ar Dhámhachtainí

*Fíor 4.4*

***Athraitheas Dámhachtain vs. Daonra an Chontae***



*Tábla 4.4* ***An 5 Contae ag Barr de réir Dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra 2008***

| Contae | % de Dhámhachtainí de réir Contae | % de Dhaonra Iomlán sa Chontae | Athraitheas go Meán Náisiúnta |
|---|---|---|---|
| **Luimneach** | 6.56% | 4.34% | (+) 51.26% |
| **Lú** | 3.93% | 2.62% | (+) 49.98% |
| **An Mhí** | 4.99% | 3.84% | (+) 29.97% |
| **Tiobraid Árann** | 4.28% | 3.52% | (+) 21.57% |
| **Liatroim** | 0.80% | 0.68% | (+) 18.32% |

Léiríonn an léaráid thuas na contaetha leis an líon is airde dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra.

*Tábla 4.5* ***An 5 Contae ag Bun de réir Dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra 2008***


| Contae | % de Dhámhachtainí de réir Contae | % de Dhaonra Iomlán sa Chontae | Athraitheas go Meán Náisiúnta |
|---|---|---|---|
| **An Clár** | 1.67% | 2.62% | (-) 36.36% |
| **Loch Garman** | 1.98% | 3.11% | (-) 36.26% |
| **Laois** | 1.03% | 1.58% | (-) 35.06% |
| **Cill Chainnigh** | 1.45% | 2.07% | (-) 30.15% |
| **Maigh Eo** | 2.05% | 2.92% | (-) 29.72% |

Léiríonn an léaráid thuas na contaetha leis an líon is ísle dámhachtain in aghaidh an duine den daonra.

# AGUISÍN 4:


## ANAILÍS GHEOGRAFACH AR ÉILIMH

**Fíor 4.5** ***An Líon is Airde Dámhachtainí Foriomlán de réir Contae 2008 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)***




Léiríonn an léaráid thuas na contaetha leis an scair is airde dámhachtainí foriomlán – mar a bhíothas ag súil leis tá an líon is airde dámhachtainí foriomlána ag na contaetha leis an daonra is mó.

**Fíor 4.6** ***An Líon is Ísle Dámhachtainí Foriomlán de réir Contae (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)***





Léiríonn an léaráid thuas na contaetha leis an scair is ísle dámhachtainí foriomlán – mar a bhíothas ag súil leis tá an líon is ísle dámhachtainí foriomlán ag na contaetha leis an daonra is lú.

## Briseadh síos Geografach de réir Catagóire 2008


### Dámhachtainí Dliteanais Mótair 2008

***Fíor 4.7** An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Mótair de réir Contae 2008 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)*




Léiríonn na léaráidí thuas agus thíos na contaetha leis an scair is airde agus is ísle dámhachtainí dliteanais mótair foriomlán in 2008.

***Fíor 4.8** An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Mótair de réir Contae 2008 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)*




# AGUISÍN 4:

## ANAILÍS GHEOGRAFACH AR ÉILIMH


### Dámhachtainí Dliteanais Fostóra 2008

*Fíor 4.9* ***An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Fostóra de réir Contae 2008 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)***





Léiríonn na léaráidí thuas agus thíos na contaetha leis an scair is airde agus is ísle dámhachtainí dliteanais fostóra foriomlán in 2008.

*Fíor 4.10* ***An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Fostóra de réir Contae 2008 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)***




## Dámhachtainí Dliteanais Poiblí 2008

***Fíor 4.11* An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Poiblí de réir Contae 2008 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)**




Léiríonn na léaráidí thuas agus thíos na contaetha leis an scair is airde agus is ísle dámhachtainí dliteanais poiblí foriomlán in 2008.

***Fíor 4.12* An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Poiblí 2008 de réir Contae 2008 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)**



Injuries Board.ie



EOLAS TEAGMHÁLA
Ionad Seirbhísí ar Oscailt:
Luan go Satharn, 8rn to 8in
Lo-Call 1890 829 121
Bosca O.P. 8, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí
www.injuriesboard.ie